




An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

PLEAN CORPARÁIDEACH 2015-2017





Copyright © Tusla — Child and Family Agency, 2014

Tusla — Child and Family Agency
E-mail: info@tusla.ie
Web: www.tusla.ie

All rights reserved. No part of this document may be reproduced or transmitted in any form or by any means, electronic, mechanical, photocopying, recording, or otherwise, without prior written permission of the Child and Family Agency.

Clár Ábhair

Brollach	3
Achoimre Fheidhmeach	4
1. Réamhrá	8
2. An Comhthéacs do Phlean Corparáideach 2015 - 2017	12
3. An Próiseas d'fhorbairt an Phlean Chorporáidigh	14
4. An bealach chun torthaí inmhianaithe fadtéarmacha a bhaint amach	18
5. Fís	19
6. Misean	20
7. Luachanna agus Iompraíochtaí	21
8. Cuspóirí Straitéiseacha	22
9. Príomhríoscaí	32
10. Cur i bhFeidhm	34
Aguisín 1: An reachtaíocht atá idir lámha	36
Aguisín 2: Aiseolas ón gComhairliúchán le Páirtithe Leasmhara	38
Aguisín 3 Samhail don Athrú Sóisialta	44



Brollach

Is cúis mhór áthais dom é an doiciméad seo a chur faoi bhur mbráid - an Chéad Phlean Corparáideach ag Tusla. Cuimsítear sa phlean an tréimhse 2015 – 2017 agus leagtar amach ann ní hé amháin na luachanna is bonn agus taca do Tusla mar eagraíocht ach an chaoi ina réadófar na luachanna sin ina seirbhísí ardchaighdeáin do leanaí agus do theaghlaigh chomh maith.

Níl bliain ann fiú ó bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Baineadh a lán amach i mbunú na struchtúr a bheidh ina dtaca le forbairt na heagraíochta. Is mór an dúshlán a bhí ann na príomhsheirbhísí Leasa agus Cosanta Leanaí agus Tacaíochta Teaghlaigh a thabhairt le chéile. Tugtar aitheantas sa Phlean Corparáideach seo do na láidreachtaí ar leith a bhaineann le gach ceann de na snáitheanna sin den tseirbhís agus tógann an Plean ar an méid atá bainte amach acu le chéile.

Tá sé den riachtanas go n-oibreodh Tusla go toilteannach agus go comhoibritheach leis na páirtithe leasmhara go léir le go mbeidh rath ar obair na heagraíochta. Tá an comhairliúchán forleathan ina bhunchloch den Phlean Corparáideach seo. Iarradh ar an bhfoireann agus ar pháirtithe leasmhara lárnacha a dtuairimí a chur in iúl d'fhorbairt an phlean. Fáiltíodh roimh a dtuairimí agus tugadh cluas le héisteacht dóibh agus tá súil agam go mbeidh a n-ionchur luachmhar le sonrú sa phlean.

Níl Tusla ag feidhmiú i bhfolús. Tá an eagraíocht ina cuid de chreat beartais reachtúil agus náisiúnta atá casta agus de shíor ag athrú agus féachann an phlean le comhshnaidhmeadh a dhéanamh ar chur chuige rialtais uile chun feabhas a chur ar shaol leanaí. Cé go gcuirtear ról ar leith Tusla san áireamh sa chreat sin féachann an Plean Corparáideach lena chinntiú go bhfuil na torthaí agus na tosaíochtaí atá ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag teacht go hiomlán le tosaíochtaí náisiúnta.

Agus an leanbh ag a lár, an misean againn ná 'seirbhísí comhordaithe fianaisebhunaithe a cheapadh agus a sholáthar, ar seirbhísí iad a fhéachann le feabhas a chur ar an saol do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail'. Chun freagairt do na dúshláin a mbíonn ar theaghlaigh agus pobail aghaidh a thabhairt orthu, bheartaíomar ar ocht gcinn de chuspóirí straitéiseacha sa phlean seo. I gcomhar le torthaí intomhaiste cuireann siad léirbhunús ar fáil ar féidir pleananna gnó agus oibre a fhorbairt air le haghaidh Tusla don tréimhse 2015 – 2017.

Táim den tuairim go bhfuil Plean Corparáideach Tusla ina phlean réadúil, ach uailmhianach, don Ghníomhaireacht. Táim ag súil go mór bheith ag obair le Gordon Jeyes, an Príomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann chun a chinntiú go gcuirfear na cuspóirí arna leagan amach sa doiciméad seo i bhfeidhm go hiomlán. Tá sé beartaithe agam, i gcomhar leis an mbord, a chinntiú go mbainfear amach na leibhéil is airde de rialachas agus de chuntasacht chorparáideach. Is cinnte go mbeidh an iliomad dúshlán ann sa tréimhse 2015 -2017, ach tá an Plean Corparáideach seo ina léiriú ar an tiomantas soiléir ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach obair go sofhreagrach, trédhearcach chun comhoibriú agus obair chomhnasctha a chothú ar mhaithe le leanaí agus pobail.

Achoimre Fheidhmeach

Réamhrá

Is iontach an deis é bunú Tusla i mí Eanáir 2014 chun seirbhísí nua-aimseartha, iomchuí a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh in Éirinn. Tá sé seo ar an gcéad Phlean Corparáideach ag an nGníomhaireacht, ag cuimsiú na tréimhse 2015 go dtí 2017 agus leagtar amach ann an chaoi a bhfuil sé beartaithe é sin a bhaint amach, chomh maith le cur síos a dhéanamh ar an gconair fhadtéarmach do thorthaí atá le baint amach tar éis dheireadh an phlean seo.

Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Chun bonn eolais a sholáthar don phróiseas pleanála, rinne Tusla teagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin, na saincheisteanna agus na riachtanais atá ann. Tar éis dul i gcomhairle le breis is 450 duine tháinig roinnt téamaí tábhachtacha chun solais a chuidigh linn an Plean Corparáideach seo a fhorbairt. Seo a leanas na téamaí sin:

1. Gníomhaireacht Náisiúnta agus cosantóir leanaí

- Ba mhaith leis na Páirtithe Leasmhara go mbeadh Tusla ina Gníomhaireacht Náisiúnta agus ina chosantóir leanaí.

2. Ag múnlú an chórais

- Tá ról tábhachtach ag Tusla sa mhúnlú ar an gcóras agus sa chomhordú ar chomhfhreagras ar na riachtanais seirbhíse.

3. Cumas foirne

- Ar cheann de na tascanna ríthábhachtacha a mbeidh ar Tusla aghaidh a thabhairt air sna blianta tosaigh tá tógáil acmhainne agus inniúlachta na foirne a bhíonn ag soláthar seirbhísí go díreach agus a bhíonn i dteagmháil go díreach le leanaí agus teaghlaigh.

4. Cáilíocht na seirbhíse agus na taithí

Ba chóir go soláthródh Tusla seirbhísí a dhéanann an saol níos fearr, níos sábháilte agus níos sona do leanaí agus daoine óga a bhfuil gá acu le Tusla ina saol, agus é sin a dhéanamh ar bhealach íogair, comhréireach, sofhreagrach.

5. Rannpháirtíocht agus comhtháirgeacht

Bhí páirtithe leasmhara an-sásta go bhfuair siad an deis plé le Tusla agus ba mhaith leo go leanfaí den phróiseas sin, d'fhonn caidrimh láidre agus comhurrain a chothú ionas go mbeidh na caidrimh oibre níos táirgiúla.

6. Aontacht agus éifeachtacht inmheánach

Chuir na páirtithe leasmhara a bhí ag obair i gcomhar le Tusla in iúl go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh comhleanúnachas inmheánach ann, agus go háirithe maidir le faisnéis iontaofa a sholáthar, cur i bhfeidhm comhleanúnachas prótacal agus soiléireacht faoi róil agus freagrachtaí.

Samhail don Athrú Sóisialta

Ag cur aiseolas na bpáirtithe leasmhara san áireamh, agus ag cinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais agus dhualgais reachtúla Tusla faoi chreat feidhmíochta RLGÓ, baineadh

leas as an tsamhail don athrú sóisialta mar threophlean le torthaí inmhianaithe fadtéarmacha Tusla a bhaint amach. Is éard atá sa tSamhail don Athrú Sóisialta ná próiseas chun fadhb shóisialta a thabhairt faoi deara, ar fadhb í ar ghá aghaidh a thabhairt uirthi, agus amharc ar na huirlisí éagsúla atá faoi smacht na heagraíochta ar féidir leas a bhaint astu chun dul i bhfeidhm ar an athrú.

Seo an fhadhb shóisialta a aithníodh:

‘An toradh ar easpa pleanála fadtéarmaí fianaisebhunaithe agus ar acmhainní neamhleora ná seirbhísí atá as alt agus tacaí easnamhacha do leanaí agus teaghlaigh.’

Tar éis don tSamhail don Athrú Sóisialta an fhadhb a shainiú ainmnítear ansin na torthaí san fhadtéarma a bhfuiltear ag féachaint lena mbaint amach thar an gcéad 10 mbliana eile. Sa mhéid gur eagraíocht nua é Tusla, beidh na chéad trí bliana dírithe d’fhormhór ar bhunchlocha a leagan síos a chuideoidh le baint amach torthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha, mar atá léirithe thíos. Cibé scéal é, tá roinnt tionscnamh ar bun a chuideoidh feabhas a chur ar nithe ar leith do spriocghrúpaí áirithe sna chéad trí bliana. Seo thíos an bealach is fearr chun torthaí fadtéarmacha a bhaint amach.

An Bealach chun torthaí inmhianaithe fadtéarmacha a bhaint amach

Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
A. Go mbeadh próisis agus córais Tusla ag freastal go cuí ar leanaí atá i mbaol agus go ndéanfaidís sin go tráthúil.	A. Go mbeadh córais athchóirithe ag laghdú go suntasach líon na leanaí i mbaol.	A. Go mbeadh gach leanbh slán ó mhí-úsáid, failí agus dúshaothrú.
B. Go mbeadh gach próiseas agus córas atá ina bhonn is taca do sheirbhísí leanaí agus teaghlaigh ina gcinn atá bunaithe ar fhianaise.	B. Go mbeadh seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh níos éasca le húsáid, bunaithe ar láidreachtaí, agus curtha ar fáil go comhoibritheach.	B. Go mbeadh gach leanbh agus teaghlach in ann cinntí eolasacha a dhéanamh faoina sláinte agus a stíleanna maireachtála. .
C. Go mbeadh raon de thacaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta ann.	C. Go mbeadh seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh comhordaithe agus ailínithe i gceart.	C. Go gcuirfeadh gach tuismitheoir timpeallachtaí baile cobhsaí agus grámhara ar fáil ina mbláthódh leanaí.
D. Go mbeadh freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí san oideachas lánaimseartha ina bhunchuid den soláthar seirbhíse do gach leanbh.	D. Go dtabharfaí aitheantas, ar fud na n-earnálacha uile den tsochaí, do na sochair atá le baint ag leanaí agus teaghlaigh as a bheith níos rannpháirtí san oideachas.	D. Go mbeadh gach leanbh agus a dteaghlaigh gníomhach ina gcuid oideachais.
E. Go mbeadh an eagraíocht sainchuspóirthe chun ár rún straitéiseach a bhaint amach.	E. Go mbeadh an Ghníomhaireachta ina pháirtí sofheagrach, ina chomhoibritheoir agus ina cheannaire i ngníomhaíochtaí trasearnála agus idirghníomhaireachta.	E. Go mbeadh tacaíocht iomlán na sochaí agus an phobail ar fáil do leanbh san aistriú ó shaol an linbh chuig an saol fásta.

Fís

D'fhonn ár dtorthaí fadtéarmacha a bhaint amach táimid tar éis beartú ar fhís fhadréimseach le haghaidh Tusla:

**Gach leanbh a
bheith slán sábháilte
agus ag baint amach
barr a gcumais**

Fís uailmhianach í seo a bhfuil Tusla lántiomanta í a bhaint amach.

Misean

Tá Tusla tar éis sainiú agus forbairt a dhéanamh ar a chroíchuspóir agus tá sé sin cuimsithe ina Ráiteas Misin:

**Agus an leanbh ag a lár,
an misean againn ná
seirbhísí comhordaithe
fianaisebhunaithe a
cheapadh agus a sholáthar,
ar seirbhísí iad a fhéachann
le feabhas a chur ar an saol
do leanaí, do theaghlaigh
agus do phobail**

Luachanna agus Iompraíocht

Ní ráitis amháin atá i gceist leis an bhfís agus leis an misean; cuireann siad síos freisin ar an gcineál eagraíochta atá ag teastáil ó Tusla, conas a theastaíonn ó fhoireann na heagraíochta iad féin a iompar, agus cad a theastaíonn ón eagraíocht a sholáthar. Chuige seo, bheartaigh Tusla ar shraith luachanna agus iompraíochtaí a léiríonn a dhiantiomantas d'úsáideoirí na seirbhíse agus do pháirtithe leasmhara, an chaoi a gcaithfidh foireann na Gníomhaireachta le leanaí, teaghlaigh agus páirtithe leasmhara eile agus an teagmháil a bheidh acu leo:

Misneach agus Muinín

- Iontaofa, tiomanta agus cuntasach;
- Gairmiúil, eiticiúil agus freagrach;
- Toilteanach seasamh lenár luachanna.

Meas agus comhbhá

- An duine aonair a chur ag croílár ár seirbhísí;
- Na daoine is leochailí a chosaint;
- Urramach agus tuisceanach do chách.

Ionbhá agus Cuimsitheacht

- Cóir, sofhreagrach agus trédhearcach;
- Comhoibriú agus smaointeoireacht chomhleanúnach a chur chun cinn;
- Dearcadh fadtéarmach, uilechórais a bheith againn.

Cuspóirí Straitéiseacha

Chun na torthaí atá ar intinn ag Tusla a bhaint amach, ar torthaí iad atá bunaithe ar a fhís, a mhisean, a luachanna agus a iompraíochtaí, is gá roinnt croíchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach le linn shaolré an phlean chorparáidigh seo. Bheartaigh Tusla ar roinnt cuspóirí straitéiseacha, agus sraith beart, príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna mar bhonn is taca do na gníomhaíochtaí sin. Seo a leanas cuspóirí straitéiseacha Tusla:

1. Feabhas a chur ar chaighdeán agus ar fhócas an tsoláthair seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh;
2. Struchtúir, próisis agus bonneagar tacaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh Tusla in ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, tíosach;
3. Cultúr nua soiléir luachbhunaithe a chur ar bun, a chuidíonn cumhacht a thabhairt do leanaí agus teaghlaigh trí sheirbhísí ardchaighdeáin;
4. Eagraíocht a fhorbairt a fheidhmíonn de réir na n-acmhainní atá ar fáil di agus a úsáideann acmhainní ar bhealach éifeachtach, tíosach;
5. Meitheal fostaithe a fhorbairt a bhfuil meas ag an eagraíocht orthu agus a dtugann an eagraíocht tacaíocht dóibh;
6. An Ghníomhaireacht a bhunú mar fhoras sofhreagrach, iontaofa a bhfuil meas air agus a bhfuil féiniúlacht ar leith aige;
7. Tógáil ar ár straitéis taighde chun beartas a fhorbairt agus bheith in ann cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar;
8. Cur chuige straitéiseach a chinntiú i leith dearbhú cáilíochta, bainistiú faisnéise agus bainistiú riosca a thacaíonn le feabhsú leanúnach agus dea-rialachas.

Tá foireann Tusla deimhin de go mbainfear amach na cuspóirí seo d'fhonn na seirbhísí is fearr agus is féidir a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh in Éirinn.

Beidh an Ghníomhaireacht ag brath ar dhíograis leanúnach na foirne oilte, chomh maith le comhoibriú na n-eagraíochtaí, na ngníomhaireachtaí agus na Ranna Rialtais eile ar soláthróirí iad.



1. Réamhrá

1.1 Bunú Tusla

An 1 Eanáir 2014, bunaíodh Tusla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach mar aonán neamhspleách dlíthiúil, á gcónascadh seo a leanas:

- Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS;
- An Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh; agus
- An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais.

Chomh maith leis sin, tá raon seirbhísí síceolaíochta agus seirbhísí a bhaineann le foréigean teaghlaigh, gnéis agus inscnebhunaithe faoi shainchúram Tusla anois.

Is é Tusla an gníomhaireacht ainmnithe sa Stát atá freagrach as feabhas a chur ar leas agus saol leanaí. Le bunú na gníomhaireachta tugadh faoin athchóiriú is cuimsithí ar sheirbhísí cosanta leanaí, luath-idirghabhála agus tacaíochta teaghlaigh riamh in Éirinn. Faoi scáth na Gníomhaireachta nua tugtar le chéile 4,000 ball foirne agus buiséad oibríochtúil de €609 milliún in 2014.

Tá dúshlán shuntasacha a mbeidh ar Tusla iad a shárú i bhfianaise mhéid na n-oibríochtaí a bhíonn idir lámha ag an nGníomhaireacht. Cé go bhfuil an eagraíocht fós ina céimeanna tosaigh, is gá di a chinntiú gur féidir lena seirbhísí feidhmiú ar bhealach comhtháite. Bainfear seo amach trí chaidrimh mhaithe chuntasacha a bhunú agus trí chloí le beartais sa chomhthéacs níos leithne. Ag cur san áireamh an obair a rinne seirbhísí leanaí agus teaghlaigh cheana féin in Éirinn, ar na dúshlán is gá don eagraíocht a shárú sa chéim seo dá forbairt tá féiniúlacht eagraíochtúil a bhunú, ar féiniúlacht í atá ag teacht le luachanna agus tiomantas Tusla i leith soláthar seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh.

1.2 Seirbhísí Tusla

Mar bhonn is mar thaca le soláthar a seirbhísí tá an tiomantas go mbeadh na seirbhísí sin slán sábháilte agus go mbeidís ar ardchaighdeán. Áirítear i sainchúram Tusla raon de sheirbhísí leathana atá spriocdhírithe, lena n-áirítear:

- Seirbhísí Leasa agus Cosanta Leanaí, lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh;
- Ionaid Acmhainní Teaghlaigh agus cláir bhainteacha náisiúnta;
- Seirbhísí Cigireachta Luathbhlianta (réamhscoile);
- Freagrachtaí Leasa Oideachais, lena n-áirítear seirbhísí leasa oideachais reachtúla, an Clár Críochnaithe Scoile agus an Scéim Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail;
- Seirbhísí Cúraim Mhalartaigh, lena n-áirítear altramas, cúram cónaitheach, cúram speisialta agus iarchúram;
- Seirbhísí foréigin teaghlaigh, gnéis agus inscnebhunaithe;
- Seirbhísí a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí;
- Seirbhísí measúnaithe, comhairliúcháin, teiripe agus cóireála;
- Seirbhísí uchtála, lena n-áirítear uchtáil sa tír seo agus ó thíortha eile, seirbhísí faisnéise agus rianaithe.

1.3 Dúshlán Tusla

Bainfear amach feabhsúcháin sa tseirbhís má dhéantar ailíniú ar sheirbhísí Tusla le seirbhísí na soláthraithe eile, na n-eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus le ranna rialtais ar fud na tíre. Bíonn an Gníomhaireacht ag brath ar phríomheagraíochtaí seachtracha chun seirbhísí sonracha a sholáthar i gcomhthéacs chuspóirí foriomlána na Gníomhaireachta. Áiríonn sé seo

príomhghníomhaireachtaí stáit, ranna rialtais chomh maith le seirbhísí áirithe eile san earnáil phobail, san earnáil dheonach agus san earnáil phríobháideach. Tá chomhpháirtíocht ann freisin idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil le forbairt beartais, taighde agus meastóireachta.

Ar cheann de na dúshláin ar ghá do Tusla aghaidh a thabhairt orthu tá athchothromú acmhainní ina seirbhísí, lena chinntiú go ndéanfar acmhainní a leithdháileadh sna réimsí is mó gátar. Is féidir leis an nGníomhaireacht an dúshlán sin a shárú trína chinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite ann i leith soláthar seirbhíse ag an leibhéal lárnach agus an leibhéal áitiúil.

Is gá do Tusla a chinntiú go mbeidh struchtúir chomhtháite i bhfeidhm ionas gur féidir tabhairt faoin rannpháirtíocht ildisciplíneach i gcomhthéacs shuíomh an úsáideora seirbhíse. Chuige seo is gá freagracht chomhoibritheach chomhroinnte i measc na ngairmithe go léir atá ag obair le leanaí, lena n-áirítear múinteoirí, oibrithe sóisialta, oibrithe cúraim leanaí, oibrithe tacaíochta teaghlaigh, altraí sláinte poiblí agus teiripeoirí teanga, cleachtóirí ginearálta, síciatraithe agus síceolaithe. Oibreoidh Tusla i gcomhar le ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí neamhriachtála eile agus déanfaidh comhoibriú leo sa soláthar seirbhísí uilíocha nó spriocdhírith le haghaidh leanaí agus teaghlach.

1.4 Forbairt Seirbhísí le haghaidh Leanaí agus Teaghlach in Éirinn

In 2000, seoladh an Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000-2010), Our Children – Their Lives. Mar thoradh ar an straitéis thábhachtach seo bhíodas in ann dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh beartais agus forbartha de i mblianta ina dhiaidh sin. D'éiligh an straitéis seo ar an Rialtas comhordú a dhéanamh ar ranna Rialtais agus ar ghníomhaireachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí d'fhonn cur chuige comhtháite a bheith ann mar ar léiríodh meas ar chearta leanaí in Éirinn. Spreag an straitéis athrú meoin i measc an phobail i leith leanaí agus daoine óga, agus tugadh aitheantas ar bhonn níos leithne don tábhacht a bhaineann le go mbeadh cur chuige níos comhtháite ann, a chuireann an timthriall saoil go léir san áireamh, agus beartas á fhorbairt.

Sa Chreat Beartas Náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, Better Outcomes, Brighter Futures, tógar ar an Straitéis Náisiúnta Leanaí a bhí ann roimh sin, agus béim ar leith ar bheartais agus seirbhísí a athrú trí chur i bhfeidhm agus comhordú níos fearr ar fud an Rialtais.

Sa tréimhse i ndiaidh 2007, tharla cúlú eacnamaíochta in Éirinn agus laghdaíodh an caiteachas poiblí i ngach réimse dá bharr. Cuireadh i bhfeidhm bliain de réamhscolaíocht saor in aisce sa Chúram Luath-Óige agus Oideachais (ECCE) in 2010. A bhuíochas le clár ECCE beidh beagnach gach leanbh in ann freastal ar bhliain réamhscoile is cuma cén cúlra acu agus is féidir leis an Stát anois caighdeán níos airde a chur chun cinn san earnáil sin, chomh maith le cúnamh a sholáthar do thuismitheoirí ag staid thar a bheith tábhachtach i saol eacnamaíochta an teaghlaigh.

In 2011, bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le hAire Rialtais den chéad uair. I mí Iúil 2012, foilsíodh tuarascáil an Tascfhórsa um bunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, agus moladh sa tuarascáil sin go dtabharfaí isteach reachtaíocht do bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach. Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i mí Eanáir 2014 ag éirí ón Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.

Faoin reachtaíocht maidir leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach is é an Bord an foras rialaithe a dhéanfaidh maoirseacht ar fhorbairt na straitéise corparáidí, an bheartais riosca, na mbuiséad bliantúil agus na bpleananna gnó. Tá an príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as feidhmiú fheidhmeanna na Gníomhaireachta. Is gá do chathaoirleach an Bhoird an tAire a chur ar an eolas faoi na bearta is gá a chur i bhfeidhm d'fhonn tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta réamhbheartaithe a bhaint amach.

2. An Comhthéacs do Phlean Corparáideach 2015 – 2017

2.1 Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Fearr

Timpeallacht chasta atá de shíor ag athrú í an timpeallacht ina bhfuil Tusla ag fás is ag forbairt. Foilsíodh An Creatbheartas do Leanaí agus Daoine Óga, 2014-2020, *Better Outcomes, Brighter Futures* i mí Márta 2014, ina leagtar amach clár oibre agus tosaíochtaí an Rialtais i ndáil le leanaí agus daoine óga do na chéad seacht mbliana eile. Comhtháitítear ann fócas uile-rialtais agus leagtar béim ann ar an tábhacht a bhaineann le freagrachtaí a roinnt d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus daoine óga. Tá sé fréamhaithe i dtiomantais na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Seo a leanas an aidhm atá sonraithe sa chreatbheartas *Better Outcomes, Brighter Futures* 'an fhorbairt beartais agus an soláthar seirbhíse a thiontú ón staid ag a bhfuil sé faoi láthair - is é sin dearcadh cúng i leith leanaí agus daoine eile a bhaineann le freagrachtaí eagríochtúla amháin - chuig dearcadh nua uile-Rialtais agus léargas soiléir ar riachtanas foriomlán agus an dul chun cinn is gá chun torthaí feabhsaithe a bhaint amach". Leis an aistriú paraidíme seo tá sé beartaithe cur chuige níos comhtháite a bheith ann idir raon seirbhísí do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, agus fócas comhbheartais ar leanaí agus daoine óga a bhaint amach.

An cur chuige atá sonraithe in *Better Outcomes, Brighter Futures* ná cúig cinn de thorthaí náisiúnta a bhaint amach do leanaí agus daoine óga. Uaillmhian fhadtéarmach atá i gceist le baint amach na dtorthaí sin agus beidh níos mó ná trí bliana an Phlean Chorporáidigh seo ag teastáil chuige sin. Beidh ról lárnach ag Tusla i mbaint amach na dtorthaí sin. Sonrófar sa Phlean Corparáideach na cuspóirí forbartha corparáidí is gá do Tusla a bhaint amach chun a bheith ina ghníomhaireacht fheidhmiúil éifeachtach le freastal ar riachtanais leanaí agus teaghlach ar fud na hÉireann.

Thar thréimhse trí bliana an Phlean Chorporáidigh seo, beidh gá infheistiú i roinnt réimsí suntasacha. Sna chéad bhlianta de Tusla a bheith i bhfeidhm, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí tús áite do ghnéithe áirithe den bhonneagar eagraíochtúil (forbairt fórsa oibre, cáilíocht, rialachas, airgeadas agus córais TF) chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach na seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga.

Sa chreatbheartas *Better Outcomes, Brighter Futures* léirítear tacaíocht mhaith le hagaidh An Eoraip 2020, straitéis fáis AE do na chéad deich mbliana eile, agus Moladh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le *Investing in Children: Breaking the Cycle of Disadvantage*, ina sonraítear na trí chrann taca a bhaineann le hinfeistiú:

- Rochtain ar acmhainní imleora;
- Rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeán ar phraghas réasúnta;
- Cuimsiú leanaí agus daoine óga.

Tá *Better Outcomes, Brighter Futures* ailínithe freisin le straitéis Rialtas na hÉireann Strategy for Growth, 2014-2020, a bhfuil mar aidhm aige tacú leis an bhforbairt sa tír - forbairt a bhfuil géarghá léi tar éis an chúlaithe eacnamaíochta agus tá an téarnamh sin ag a céimeanna tosaigh go fóill. Áiríonn sé seo 'deiseanna a thabhairt do leanaí cónaí agus obair sa bhaile,

iadsan a d'imigh ar imirce san áireamh'. Beidh sé mar uailmhian ag an straitéis tacú le slándáil eacnamaíochta teaghlach trí chur le líon na dtuismitheoirí atá fostaithe. Luaitear ann freisin gur acmhainn mhaith don tír an líon den daonra atá ina leanaí agus ina ndaoine óga, sa mhéid go bhfuil sé sin ag dul i méid, agus luaitear an fhianaise shoiléir idirnáisiúnta atá ann gur chóir infheistiú i leanaí sna luathbhlianta mar go bhfuil sochair shuntasacha le baint as sin do na daoine aonair féin agus don phobal i gcoitinne. Gné thábhachtach amháin den phleanáil a bheidh le déanamh ag Éirinn amach anseo ná a chinntiú go mbainfear amach na torthaí is fear do leanaí agus do dhaoine óga. Uailmhian uileghabhálach na hÉireann ná 'bheith ar an tír bheag is fearr ar domhan chun leanaí a thógáil inti.'

Comhlánaíonn an dá chreatbheartas *Healthy Ireland* (2013) agus *Better Outcomes, Brighter Futures* (2014) a chéile. Téann *Healthy Ireland* i ngleic leis na nithe a théann i bhfeidhm ar an tsláinte ar fud an daonra, agus tá an fhís sin le sonrú in *Better Outcomes, Brighter Futures* mar a leagtar béim ar an sciar den daonra atá san aoisghrúpa 0-24 bliana d'aois. Leis an dá bheartas seo féadtar spriocanna comhroinnte a bhaint amach trí fheabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhoibriú, trí thacaí níos fearr a chur ar fáil do thuismitheoirí, agus trína chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm clár oibre athchóirithe an Rialtais agus go ndéanfar infheistiú i gcúram agus in oideachas ardchaighdeán luathbhlianta.

2.2 Cúlra breise beartais agus reachtúil

Tá cúpla doiciméid lárnach straitéiseach ann ina leagtar amach ar bhonn níos sonraí an clár oibre do réimsí áirithe. Áirítear ina measc foilsíú *Youth Justice Action Plan, 2014-2018: Tackling Youth Crime*, ina bhfuil treoirlínte maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht agus Tuismitheoireacht agus Tacaíocht Teaghlaigh. An Bille um Thús Áite do Leanaí, 2014, a thabharfaidh bonn reachtúil do roinnt de na gnéithe atá sonraithe in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (2011) a foilsíodh i mí Aibreáin 2014. Beidh achtú na reachtaíochta seo ina thiomantas lárnach den Chlár Rialtais agus ina chuid den tsraith reachtaíochta um chosaint leanaí, a áiríonn cheana féin an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar), 2012. D'oibrigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcomhar lena chéile chun a chinntiú go bhfuil na forálacha reachtúla faoi seach ina bhforálacha comhtháite comhlántacha.

2.3 An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013

Feidhmíonn Tusla de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 ina sonraítear gur chóir tús áite a thabhairt do leas is fearr an linbh. Dar leis an reachtaíocht is é an teaghlach an bhunchloch má táthar chun pobail láidre shláintiúla a chothú ina mbláthóidh leanaí agus daoine óga agus ina mbainfidh siad amach barr a gcumais. Tá an chomhpháirtíocht agus an comhoibriú le teaghlaigh rithábhachtach má táthar chun seirbhísí comhleanúnacha a sholáthar do leanaí.

Seo a leanas achoimre ar na feidhmeanna sonracha arna leagan amach sa reachtaíocht atá ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach:

- Tacú le forbairt, leas agus cosaint leanaí, lena n-áirítear cúram agus cosaint a sholáthar do leanaí i gcásanna nach bhfuil a dtuismitheoirí in ann é sin a dhéanamh dóibh, nó nach dócha go mbeidh siad in ann é an cúram a sholáthar a bhfuil gá ag an leanbh leis.
- Tacaíocht agus spreagadh a chur ar fáil d'fheidhmiú éifeachtach teaghlaigh, lena n-áirítear

seirbhísí coisctheacha tacaíochta teaghlaigh a sholáthar a bhfuil mar aidhm acu leas leanaí a chur chun cinn; cúram agus cosaint a sholáthar d'íospartaigh foréigin teaghlaigh, gnéis nó inscnebhunaithe, cibé acu an dtarlaíonn sé sin laistigh den teaghlach nó i gcúinsí eile; agus seirbhísí a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí agus a dteaghlaigh.

- De réir fhorálacha an Achta Oideachais (Leas), 2000 a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil nó go bhfaigheann siad oideachas ar bhealach eile agus seirbhísí leasa oideachais a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí ar scoil agus chun tacú leis sin freisin.
- Seirbhísí tacaíochta a chothabháil agus a fhorbairt, lena n-áirítear i bpobail áitiúla.
- Taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú a bhaineann lena feidhmeanna.
- Éascú agus cothú a dhéanamh ar chomhoibriú idirghníomhaireachta chun a chinntiú go ndéantar comhordú ar sheirbhísí do leanaí agus go gcuirtear freagracht chomhtháite ar fáil chun freastal ar riachtanais leanaí agus a dteaghlaigh.
- Comhoibriú le haon duine a measann an Ghníomhaireacht a bheith oiriúnach chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.
- Eolas nó comhairle a sholáthar, nó moltaí a chur faoi bhráid an Aire, faoi chúrsaí a bhaineann lena feidhmeanna.
- Caighdeáin arda feidhmíochta, trédhearcachta agus cuntasachta a choinneáil.
- Na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an gcaoi is fearr, is éifeachtaí agus is tíosaí.
- Socruithe maithe trédhearcacha cigireachta a chinntiú do sheirbhísí réamhscoile.
- Maoirseacht náisiúnta a sholáthar ar sheirbhísí foréigin teaghlaigh, gnéis agus inscnebhunaithe.

Agus cinntí á ndéanamh maidir lena feidhmeanna, aird a bheith ag an eagraíocht ar leas is fearr an linbh i ngach rud dá ndéanann sí agus i bhfeidhmiú a feidhmeanna i ndáil le leanbh aonair faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 nó faoin Acht Uchtála, 2010, go dtabharfaí tús áite do leas is fearr an linbh.

Faoi láthair, tá roinnt saincheistean reachtúla ann, atá ag céimeanna éagsúla dá ndul chun cinn. Tá sé sin sonraithe in Aguisín I. Beidh impleachtaí suntasacha ag roinnt den reachtaíocht seo do Tusla ó thaobh soláthar seirbhíse agus acmhainní de. Éileoidh an Bille um Thús Áite do Leanaí, 2013 go háirithe ar Tusla tacaíocht a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha i ndáil lena n-oibleagáidí ó thaobh cosaint leanaí de. Éileofar faoi Bhillí eile, mar shampla an Bille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) go mbunófar córas bainistithe taifead. Táthar ag súil go rachaidh an Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2014 i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann leis an gcóras dlí mar atá go háirithe maoirseacht ar an gcóras Caomhnóir ad Litem agus bonn reachtúil a sholáthar do sheirbhísí iarchúraim.

2.4 An Creat Feidhmíochta

Sonraítear in Alt 41 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 go bhforbróidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Creatbheartas chun treoir bheartais, treophlean agus critéir thosaíochta a sholáthar le haghaidh Tusla d'ullmhú an Phlean Chorporáidigh trí bliana.

Ceapadh an Creat Feidhmíochta i gcomhar le raon feidhmeanna feidhmíochta agus cuntasachta

atá sonraithe san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013. Sa mhéid go gceapfar Creat Feidhmíochta gach trí bliana, féachann sé le freastal ar bhunú agus ar fhorás na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach do na chéad trí bliana agus dá éis. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Creat Feidhmíochta comhthéacs ar fáil le haghaidh na bpróiseas bliantúil pleanála agus tuairiscithe ráitis feidhmíochta/gnó.

2.5 Cuntasacht agus an creat maoiniúcháin

Leagtar síos in Ailt 41-48 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 an creat cuntasachta do phlean straitéiseach na Gníomhaireachta.

Luaitear sa reachtaíocht maidir leis an bPlean Corparáideach:

- 1. Go n-áireoidh sé príomhchuspóirí, torthaí agus straitéisí bainteacha na Gníomhaireachta;**
- 2. Go n-éireoidh sé, ach amháin sa chéad phlean, athbhreithniú agus meastóireacht ar obair na Gníomhaireachta ó thaobh fheidhmiú a feidhmeanna reachtúla sna trí bliana roimhe sin;**
- 3. Go n-ullmhófar é ar bhealach atá de réir na dtreoracha arna n-eisiúint ó am go chéile ag an Aire;**
- 4. Go n-ullmhófar é agus go gcuirfear é faoi bhráid an Aire ar dháta nach déanaí ná:**
 - a. i ndáil leis an gcéad phlean corparáideach, trí mhí tar éis fháil an Chreata Beartais, arna fhorbairt de réir Alt 41;
 - b. i ndáil le gach phlean corparáideach ina dhiaidh sin, trí mhí tar éis fháil an Chreata Beartais; agus
 - c. go mbeadh sé ag teacht le beartais agus cuspóirí an Aire agus an Rialtais sa mhéid a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta.

2.6 Pleanáil straitéiseach agus an comhthéacs feidhmiúcháin

Ó thosach feidhme oibríochtaí Tusla in 2014 agus de réir Alt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, d'fhoilsigh Tusla a Phlean Gnó 2014 i mí Eanáir 2014. Leagadh amach ann 16 réimse tosaíochta agus sainíodh na torthaí agus na hamscálaí bainteacha do gach réimse.

Chomh maith leis sin, i mí Eanáir 2014, d'fhoilsigh Tusla a chéad Ráiteas Cuspóra, dar teideal *Ireland's Child and Family Agency: Towards a Shared Purpose* a bhí bunaithe ar chomhairliúchán fadréimseach arna réachtáil ag Foireann Bainistíochta.

Mar chuid den phróiseas pleanála corparáidí, réachtáladh comhairliúchán fadréimseach eile i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2014, le páirtithe leasmhara lárnacha chun bonn eolais a sholáthar don Phlean Corparáideach agus dá thosaíochtaí lárnacha.

3. An Próiseas d'fhorbairt an Phlean Chorparáidigh

Cuimsíodh i bpróiseas pleanála Tusla don Phlean Corparáideach próiseas comhairliúcháin cuimsitheach le páirtithe leasmhara, agus baineadh leas as Samhail Athraithe Shóisialta Harvard chun an fhadhb shóisialta a shainaithint a gcaithfí dul i ngleic léi ionas go bhféadfaí na torthaí a bhaint amach. Reáchtáladh ceithre sheisiún idirghníomhacha oibre leis an bhfoireann bainistíochta freisin.

3.1 Comhairliúchán

Reáchtáladh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara mar chuid den ullmhúchán don Phlean Corparáideach. Tháinig roinnt príomhthéamaí chun solais sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara:

1. Gníomhaireacht Náisiúnta agus cosantóir leanaí

- Ba mhaith le Páirtithe Leasmhara go mbeadh Tusla ina Ghníomhaireacht Náisiúnta agus cosantóir leanaí.

2. Ag múnú an chórais

- Tá ról tábhachtach ag Tusla sa mhúnú ar an gcóras agus sa chomhordú ar chomhfhreagras ar na riachtanais seirbhíse.

3. Cumas Foirne

- Ar cheann de na tascanna rithábhachtacha a mbeidh ar Tusla aghaidh a thabhairt air sna blianta tosaigh tá tógáil acmhainne agus inniúlachta na foirne a bionn ag soláthar seirbhísí go díreach agus a bhíonn i dteagmháil go díreach le leanaí agus teaghlaigh.

4. Cáilíocht na seirbhíse agus taithí

- Ba chóir go soláthródh Tusla seirbhísí a dhéanann an saol níos fearr, níos sábháilte agus níos sona do leanaí agus daoine óga a bhfuil gá acu le Tusla ina saol, agus é sin a dhéanamh ar bhealach íogair, comhréireach, sofheagraich.

5. Rannpháirtíocht agus comhtháirgeacht

- Bhí páirtithe leasmhara an-sásta go bhfuair siad an deis plé le Tusla agus ba mhaith leo go leanfaí den phróiseas sin, d'fhonn caidrimh láidre agus comhurraim a chothú ionas go mbeidh na caidrimh oibre níos táirgiúla.

6. Aontacht agus éifeachtacht inmheánach

- Chuir na páirtithe leasmhara a bhí ag obair i gcomhar le Tusla in iúl go bhfuil sé rithábhachtach go mbeadh comhleanúnachas inmheánach ann, agus go háirithe maidir le faisnéis iontaofa a sholáthar, cur i bhfeidhm comhleanúnachas prótacal agus soiléireacht faoi róil agus freagrachtaí.

Tagair d'Aguisín 2 le haghaidh tuilleadh sonraí faoin gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara.

3.2 An tSamhail um Athrú Sóisialta

Tháinig coincheap na Samhla um Athrú Sóisialta chun cinn i Scoil Ghnó Harvard. Baintear leas as go príomha san earnáil neamhbhrabúis agus dheonach, agus úsáidtear í mar uirlis forbartha

straitéise chun friotal a chur ar na nithe seo:

- An tuiscint atá ag na eagraíocht ar **fhadhb shóisialta**, agus hipitéis ina leith sin, ar fadhb í a bhfuil an eagraíocht ag iarraidh réiteach a fháil uirthi;
- **Comharthaí** sóirt na faidhbe sin i.e. conas a bhíonn an fhadhb sin le sonrú sa saol (Féach Aguisín 3 le haghaidh samplaí);
- Na **constaicí** atá inár mbealach ó thaobh dul i ngleic leis an bhfadhb (Féach Aguisín 3 le haghaidh samplaí);
- Na **spreagthóirí** is gá chun go dtarlódh athrú i gcoinne na faidhbe sóisialta seo.

3.3 Spreagthóirí don athrú

Tá trí cinn de spreagthóirí uilechuimsitheacha ar féidir leas a bhaint astu chun go dtarlódh athrú dearfach sóisialta le haghaidh leanaí agus teaghlach. Seo a leanas na spreagthóirí sin

Ba é seo an creat foriomlán agus chuidigh sé le Tusla iad seo a fhorbairt:

Dearadh
agus pleanáil
seirbhíse

Tógáil eolais,
scileanna
agus
inniúlachtaí

Athrú
ar chur i
bhfeidhm an
chórais

Conair do bhaint amach na dtorthaí inmhianaithe fadtéarmacha

- **Fís**
- **Misean**
- **Luachanna** agus **lomptraíochtaí**
- Sraith de **Chuspóirí Straitéiseacha**, agus gach ceann mar bhonn is taca do spreagthóir an athraithe
- **Bearta** a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar shaol leanaí agus teaghlach in Éirinn

Tá gach ceann de na gnéithe sin sonraithe sna rannóga thíos:

4. An bealach chun torthaí inmhianaithe fadtéarmacha a bhaint amach


Sa phróiseas a bhain leis an tSamhail don Athrú Sóisialta sainaitníodh an fhadhb ar ghá dul i ngleic léi, agus seo a leanas an fhadhb sin:

‘An toradh ar easpa pleanála fadtéarmaí fianaisebhunaithe agus ar acmhainní neamhleora ná seirbhísí atá as alt agus tacaí easnamhacha do leanaí agus teaghlaigh.’

Chomh maith leis sin, sainaitnítear sa tSamhail don Athrú Sóisialta na torthaí fadtéarmacha a bhfuil Tusla ag féachaint len iad a bhaint amach do leanaí agus teaghlaigh thar an gcéad seacht mbliana go deich mbliana eile. Sa mhéid gur eagraíocht nua é Tusla, beidh na chéad trí bliana dírithe d’fhormhór ar bhunchlocha a leagan síos a chuideoidh le baint amach torthaí meántéarmacha agus fadtéarmacha, mar atá léirithe thíos. Cibé scéal é, tá roinnt tionscnamh ar bun a chuideoidh feabhas a chur ar nithe ar leith do spriocghrúpaí áirithe sna chéad trí bliana.


Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
A. Go mbeadh próisis agus córais Tusla ag freastal go cuí ar leanaí atá i mbaol agus go ndéanfaidís sin go tráthúil.	A. Go mbeadh córais athchóirithe ag laghdú go suntasach líon na leanaí i mbaol.	A. Go mbeadh gach leanbh slán ó mhí-úsáid, failí agus dúshaothrú.
B. Go mbeadh gach próiseas agus córas atá ina bhonn is taca do sheirbhísí leanaí agus teaghlaigh ina gcinn atá bunaithe ar fhianaise.	B. Go mbeadh seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh níos éasca le húsáid, bunaithe ar láidreachtaí, agus curtha ar fáil go comhoibritheach.	B. Go mbeadh gach leanbh agus teaghlach in ann cinntí eolasacha a dhéanamh faoina sláinte agus a stíleanna maireachtála. .
C. Go mbeadh raon de thacaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta ann.	C. Go mbeadh seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh comhordaithe agus ailínithe i gceart.	C. Go gcuirfeadh gach tuismitheoir timpeallachtaí baile cobhsaí agus grámhara ar fáil ina mbláthódh leanaí.
D. Go mbeadh freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí san oideachas lánaimeartha ina bhunchuid den soláthar seirbhíse do gach leanbh.	D. Go dtabharfaí aitheantas, ar fud na n-earnálacha uile den tsochaí, do na sochair atá le baint ag leanaí agus teaghlaigh as a bheith níos rannpháirtí san oideachas.	D. Go mbeadh gach leanbh agus a dteaghlaigh gníomhach ina gcuid oideachais.
E. Go mbeadh an eagraíocht sainchuspórtha chun ár rún straitéiseach a bhaint amach.	E. Go mbeadh an Ghníomhaireachta ina pháirtí sofhreagrach, ina chomhoibritheoir agus ina cheannaire i ngníomhaíochtaí trasearnála agus idirghníomhaireachta.	E. Go mbeadh tacaíocht iomlán na sochaí agus an phobail ar fáil do leambh san aistriú ó shaol an linbh chuig an saol fásta.

5. Fís



**Gach leanbh
a bheith slán
sábháilte agus ag
baint amach barr a
gcumais**

6. Misean



**Agus an leanbh ag a lár,
an misean againn ná
seirbhísí comhordaithe
fianaisebhunaithe a
cheapadh agus a sholáthar
ar seirbhísí iad a fhéachann
le feabhas a chur ar an saol
do leanaí, do theaghlaigh
agus do phobail.**

7. Luachanna & Iompraíochtaí

Misneach agus Muinín

- Iontaofa, tiomanta agus cuntasach;
- Gairmiúil, eiticiúil agus freagrach;
- Toilteanach seasamh lenár luachana.

Meas agus Comhbhá

- An duine aonair a chur ag croílár ár seirbhísí;
- Na daoine is leochailí a chosaint;
- Urramach agus tuisceanach do chách.

Ionbhá agus Cuimsitheacht

- Cóir, sofhreagrach agus trédhearcach;
- Comhoibriú agus smaointeoireacht chomhleanúnach a chur chun cinn;
- Dearcadh fadtéarmach, uilechórais a bheith againn.

8. Cuspóirí Straitéiseacha

8.1 Cuspóirí Straitéiseacha

Forbraíodh cuspóirí straitéiseacha Tula bunaithe ar anailís shonrach SWOT agus PESTEL, as phríomhtheachtaireachtaí a d'eascair ón gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, trí leas a bhaint as an tSamhail don Athrú Sóisialta, agus bunaithe ar ionchur ón bhfoireann bainistíochta.

Baintear úsáid as an tSamhail don Athrú Sóisialta chun spreagthóirí tábhachtacha a shainaithint a chuideodh le baint amach na dtorthaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha.

D'fhorbraíomar sraith de chuspóirí straitéiseacha ardleibhéil, agus gach ceann ina bhonn is taca do spreagthóir ar leith, mar atá sonraithe thíos.

Spreagthóir	Cuspóir Straitéiseach
Athrú ar chur i bhfeidhm an chórais	1. Feabhas a chur ar chaighdeán agus ar fhócas an tsoláthair seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh
Tógáil eolais, scileanna agus inniúlachtaí	2. Struchtúir, próisis agus bonneagar tacaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh Tusla in ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus tíosach.
Tógáil eolais, scileanna agus inniúlachtaí	3. Cultúr nua soiléir luachbhunaithe a chur ar bun, a chuidíonn cumhacht a thabhairt do leanaí agus teaghlaigh trí sheirbhísí ardchaighdeáin.
Tógáil eolais, scileanna agus inniúlachtaí	4. Eagraíocht a fhorbairt a fheidhmíonn de réir na n-acmhainní atá ar fáil di agus a úsáideann acmhainní ar bhealach éifeachtach, costéifeachtach.
Tógáil eolais, scileanna agus inniúlachtaí	5. Meitheal fostaithe a fhorbairt a bhfuil meas ag an eagraíocht orthu agus a dtugann an eagraíocht tacaíocht dóibh.
Tógáil eolais, scileanna agus inniúlachtaí	6. An Ghníomhaireacht a bhunú mar fhoras sofhreagrach, iontaofa a bhfuil meas air agus a bhfuil féiniúlacht ar leith aige.
Dearadh agus pleanáil seirbhíse	7. Tógáil ar ár straitéis taighde chun beartas a fhorbairt agus bheith in ann cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.
Tógáil eolais, scileanna agus inniúlachtaí	8. Cur chuige straitéiseach a chinntiú i leith dearbhú cáilíochta, bainistiú faisnéise agus bainistiú riosca a thacaíonn le feabhsú leanúnach agus dea-rialachas.

Tá cur síos thíos ar na leathanaigh seo a leanas ar na bearta is bonn agus taca leis na cuspóirí straitéiseacha.

1.

Feabhas a chur ar chaighdeán agus ar fhócas an tsoláthair seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh**Bearta**

1. Samhail na Meithle a chur i bhfeidhm ionas gur féidir tabhairt faoin soláthar seirbhíse trí Chosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh.
2. Seirbhís éigeandála lasmuigh d'uaireanta oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
3. An Beartas 'Tús Áite do Leanaí' a chur i bhfeidhm go himheánach agus go seachtrach ar bhonn comhsheasmhach.
4. Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí trí idirghabhálacha gníomhacha, gníomhaíochtaí trasearnálacha agus bunaithe ar shamhail de sholáthar seirbhíse comhtháite.
5. Forbairt a dhéanamh ar sholáthar/coimisiúnú seirbhíse síceolaíochta.
6. Forbairt bhreise agus fairsingiú a dhéanamh ar an tSeirbhís Measúnaithe, Comhairliúcháin agus Teiripe (ACTS).
7. Forbairt a dhéanamh ar an Straitéis athchóirithe don Chúram Malartach.
8. Forbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise Coimisiúnúcháin.
9. Forbairt a dhéanamh ar shraith chomhtháite de sheirbhísí chun tacú le híospartaigh an fhoréigin ghnéis agus teaghlaigh.
10. A chinntiú go bhfuil na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh lánpháirteach sa Chreat Soláthair Seirbhíse.
11. Seirbhís reachtúil leasa oideachais a fhorbairt i gcomhar le scoileanna agus tuismitheoirí agus i gcomhthéacs na timpeallachta oideachais atá ag síorathrú.
12. Bonn maith a chur faoi Idirghabhálacha oideachais laistigh den Chreat Soláthair Seirbhíse.
13. Tacú go héifeachtach le scoileanna, tuismitheoirí agus leanaí i ndáil le páirt a ghlacadh san oideachas, bíodh an t-oideachas sin á sholáthar i scoil nó in áit eile.
14. Tacú le rannpháirt éifeachtach agus gnóthachtáil san oideachas do gach leanbh atá i gcúram.
15. Cur le hathchóiriú an chórais Caomhnóirí ad Litem.

2.

Struchtúir, próisis agus bonneagar tacaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh Tusla in ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus tíosach.**Bearta**

1. Córas comhtháite faisnéise a chur i bhfeidhm a chuimseoidh atreorú, measúnú agus leanaí i gcúram.
2. Forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar Chóras Foláirimh Cosanta Leanaí chun leanaí i mbaol a choinneáil slán.
3. Forbairt a dhéanamh ar chóras tuairiscithe le haghaidh Tusla a chuimseoidh Airgeadas, Acmhainní Daonna agus sonraí Oibríochtúla, a bheadh oiriúnach don Fhoireann Bainistíochta, don Bhord, agus don Aire.
4. Struchtúir agus próisis eagraíochtúla a fhorbairt chun tacú le baint amach na gCuspóirí Corparáideacha.
5. Straitéis TFC a fhorbairt a áireoidh úsáid Seirbhíse Bainistithe.
6. Forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéise Náisiúnta Eastát.
7. Feabhas a chur ar phróisis airgeadais agus rialachais.
8. Oifig seirbhísí dlí a bhunú chun comhairle ardchaighdeán a sholáthar/a fháil agus tacaíocht a sholáthar atá costéifeachtach, comhsheasmhach agus inrochtana.
9. An acmhainneacht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais, seirbhísí a phleanáil go straitéiseach, agus monatóireacht is meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí.

3.

Cultúr nua soiléir luachbhunaithe a chur ar bun, a chuidíonn cumhacht a thabhairt do leanaí agus teaghlaigh trí sheirbhísí ardchaighdeáí

Bearta

1. Cód iompraíochtaí a fhorbairt agus a neadú ag gach leibhéal agus an cód sin a bheith mar chuid dár mbeartais, dár bpleananna agus dár ngnáthaimh.
2. Modhanna cuí a fhorbairt chun teagmháil éifeachtach a bheith ann le leanaí agus le páirtithe lárnacha.
3. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar phearsantú leanaí agus teaghlach i gceapadh agus ina athbhreithniú beartais.
4. Forbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise Tacaíochta Tuismitheoireachta chun a chinntiú go mbeidh na seirbhísí inrochtana agus éasca le húsáid.

4.

Eagraíocht a fhorbairt a fheidhmíonn de réir na n-acmhainní atá ar fáil agus a úsáideann acmhainní ar bhealach éifeachtach, costéifeachtach

Bearta

1. Samhail leithdháilte acmhainní a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise.
2. Straitéis um luach ar airgead a fhorbairt.
3. Próisis éifeachtacha tuairiscithe a fhorbairt chun tuilleadh eolais a sholáthar maidir le feidhmíocht airgeadais, AD, riosca agus oibríochtúil.
4. Freagracht as an gcinnteoireacht a chineadh.
5. Stocaireacht a dhéanamh le haghaidh acmhainní agus maoiniú iomchuí chun a chinntiú go dtabharfar an tacaíocht is gá do leanaí agus teaghlaigh.

5.

Meitheal fostaithe a fhorbairt a bhfuil meas ag an eagraíocht orthu agus a dtugann an eagraíocht tacaíocht dóibh

Bearta

1. Córas bainistithe feidhmíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun go mbeadh an Ghníomhaireacht ailínithe le cuspóirí indibhidiúla agus chun bonn eolais a sholáthar maidir le riachtanais oiliúna agus forbartha.
2. Tacú leis an bhfoireann, iad a spreagadh agus iad a éascú trí fhorbairt struchtúrtha ghairmiúil agus ghairme.
3. Daingniú a dhéanamh ar acmhainneacht agus inniúlacht ar gach leibhéal.
4. Athchóiriú a dhéanamh ar bheartais agus próisis athchóirithe agus choinneála chun a chinntiú go bhfuil siad ag freagairt do riachtanais na heagraíochta.
5. Forbairt a dhéanamh ar chultúr foghlama trí thacú le rannpháirtíocht na foirne i raon leathan de ghníomhaíochtaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt fheidhmeach, lena n-áirítear cúrsaí foirmiúla oiliúna, meantóireachta, ríomhfhoghlama agus deiseanna taighde.
6. Plean um Fhorbairt Ghairmiúil a Fhorbairt d'Oibrithe Sóisialta d'fhonn cothú a dhéanamh ar fhéinrialú, cuntasacht agus ceannaireacht ghairmiúil níos fearr.
7. Oiliúint bhainteach a cheapadh agus a chur ar fáil mar chuid den straitéis earcaíochta agus coinneála.
8. Suirbhé bliantúil foirne a cheapadh, a fhorbairt agus a sheoladh d'fhonn daingniú a dhéanamh ar ghréasáin rannpháirtíochta agus comhairliúcháin foirne

6.

An Gníomhaireacht a bhunú mar fhoras sofhreagrach, iontaofa a bhfuil meas air agus a bhfuil féiniúlacht ar leith aige**Bearta**

1. Straitéis inmheánach agus sheachtrach chumarsáide a fhorbairt.
2. Cultúr de chumarsáid éifeachtach a leabú ar fud na heagraíochta atá tacaithe ag uirlisí ilmheáin agus eile.
3. Prótacal a bhunú chun brandáil a dhéanamh ar eastáit agus ar gach gníomhaíocht bhainteach a bhíonn ar bun at Tusla.
4. Suirbhéanna rialta a dhéanamh i measc páirtithe leasmhara.
5. Roinnt imeachtaí i rith na bliana a phleanáil agus tacú leo.
6. Doiciméid lárnacha a fhoilsiú agus a chur chun cinn, ar doiciméid iad a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhíonn á reáchtáil i gcomhar le Tusla.
7. Feachtas réamhghníomhach meáin a eagrú chun eolas a scaipeadh agus chun bainistiú a dhéanamh ar ghéarchéimeanna.

7.

Tógáil ar ár straitéis taighde chun beartas a fhorbairt agus bheith in ann cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar**Bearta**

1. Catalóg Náisiúnta Beartais a bhunú agus a choinneáil.
2. Beartas agus reachtaíocht Rialtais a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú le soláthar seirbhíse.
3. Cumas a fhorbairt chun taighde faoin gcleachtas is fearr idirnáisiúnta a bhailiú, a roinnt agus a scaipeadh.
4. Cur lenár gcóras bainistithe eolais agus lenár gcumas tacú le forbairt ár seirbhísí agus ár bhfoireann.

8.

Cur chuige straitéiseach a chinntiú i leith dearbhú cáilíochta, bainistiú faisnéise agus bainistiú riosca a thacaíonn le feabhsú leanúnach agus dea-**Bearta**

1. Cur chuige straitéiseach a fhorbairt i leith dearbhú cáilíochta a thacaíonn le feabhsú leanúnach agus leis an seasamh atá á ghlacadh ag Tusla mar eagraíocht féinmheastóireachta a chloíonn lena cheanglais ghéilliúlachta rialála.
2. Cigireacht clárúcháin agus caighdeáin Luathbhlianta a thabhairt isteach atá tacaithe ag córais atá bunaithe ar eolas.
3. Cur chuige córasach a fhorbairt i leith bainistiú riosca atá laistigh de na teorainneacha riosca.
4. Córas comhtháite a chur i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar theagmhais agus gearáin agus chun foghlaim uathu.
5. Critéir a leagan síos a chuirfidh in iúl conas atá Tusla ag feidhmiú agus chun a thionchar ar leanaí, teaghlaigh agus pobail a mheas.
6. Fianaise a ghiniúint chun tacú le foghlaim, feabhsú leanúnach, dearadh seirbhíse agus cinnteoireacht.
7. A chinntiú go bhfuil na pleananna leanúnachais gnó i bhfeidhm ag Tusla, lena n-áirítear ceart do bhainistiú móréigeandála.

8.2 Ag Nascadh Cuspóirí Straitéiseacha agus Bearta Le Torthaí

Is é is cuspóir leis na rannóg seo a chinntiú go bhfuil nasc soiléir ann idir na bearta chun tacú le baint amach na gculpóirí straitéiseacha, agus na torthaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha.

A

Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
Go mbeadh próisis agus córais Tusla ag freastal go cuí ar leanaí atá i mbaol agus go ndéanfaidís sin go tráthúil.	Go mbeadh córais athchóirithe ag laghdú go suntasach líon na leanaí i mbaol.	Go mbeadh gach leanbh slán ó mhí-úsáid, failí agus dúshaothrú.
<i>Freagair</i>	<i>Laghdaigh</i>	<i>Sábháilte</i>

Bearta

- Córas comhtháite faisnéise a chur i bhfeidhm a chuimseoidh atreorú, measúnú agus leanaí i gcúram. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar Chóras Foláirimh Cosanta Leanaí chun leanaí i mbaol a choinneáil slán. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Seirbhís éigeandála lasmuigh d'uaireanta oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- An Beartas 'Tús Áite do Leanaí' a chur i bhfeidhm go himmheánach agus go seachtrach ar bhonn comhsheasmhach. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt a dhéanamh ar chóras tuairiscithe le haghaidh Tusla a chuimseoidh Airgeadas, Acmhainní Daonna agus sonraí Oibríochtúla, a bheadh oiriúnach don Fhoireann Bainistíochta, don Bhord, agus don Aire. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Córas comhtháite a chur i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar theagmhais agus gearáin agus chun foghlaim uathu. (Cuspóir Straitéiseach 8)
- Cur le hathchóiriú an chórais Caomhnóirí ad Litem. (Cuspóir Straitéiseach 1)

B

Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
Go mbeadh gach leanbh slán ó mhí-úsáid, failí agus dúshaothrú.	Go mbeah seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh níos éasca le húsáid bunaithe ar láidreachtaí agus curtha ar fáil go comhoibritheach.	Go mbeadh gach leanbh agus teaghlach in ann cinntí eolasacha a dhéanamh faoina sláinte agus a stíleanna maireachtála.

*Cuir in iúl**Bí Rannpháirteach**Cumhachtaigh***Bearta**

- Catalóg Náisiúnta Beartais a bhunú agus a choinneáil. (Cuspóir Straitéiseach 7)
- Samhail na Meithle a chur i bhfeidhm ionas gur féidir tabhairt faoin soláthar seirbhíse trí Chosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Cur i bhfeidhm a dhéanamh ar bheartas agus reachtaíocht Rialtais agus iad a chomhtháthú le soláthar seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 7)
- Cur chuige straitéiseach a fhorbairt i leith dearbhú cáilíochta a thacaíonn le feabhsú leanúnach agus leis an seasamh atá á ghlacadh ag Tusla mar eagraíocht féinmheastóira. (Cuspóir Straitéiseach 8)
- Fianaise a ghiniúint chun tacú le foghlaim, feabhsú leanúnach, dearadh seirbhíse agus cinnteoireacht. (Cuspóir Straitéiseach 8)
- Modhanna cuí a fhorbairt chun teagmháil éifeachtach a bheith ann le leanaí agus le páirtithe lárnacha. (Cuspóir Straitéiseach 3)
- Cumas a fhorbairt torthaí taighde a bhailiú, a roinnt agus a scaipeadh maidir leis an gcleachtas is fearr ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. (Cuspóir Straitéiseach 7)
- Feabhas a chur ar ár gcóras bainistithe eolais agus ar inniúlacht an chórais sin tacú lenár seirbhísí agus ár bhfoireann. (Cuspóir Straitéiseach 7)
- Critéir a leagan síos a chuirfidh in iúl conas atá Tusla ag feidhmiú agus chun a thionchar ar leanaí, teaghlaigh agus pobail a mheas. (Cuspóir Straitéiseach 8)
- Feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar phearsantú leanaí agus teaghlach i gceapadh agus ina athbhreithniú beartais. (Cuspóir Straitéiseach 3)

C

Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
Go mbeadh raon de thacaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta ann.	Go mbeadh seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh comhordaithe agus ailínithe i gceart.	Go gcuirfeadh gach tuismitheoir timpeallachtaí baile cobhsaí agus grámhara ar fáil ina mbláthfódh leanaí.
<i>Tacaigh</i>	<i>Comhtháigh</i>	<i>Cumasaigh</i>

Bearta

- Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí trí idirghabhálacha gníomhacha, gníomhaíochtaí trasearnálacha agus bunaithe ar shamhail de sholáthar seirbhíse comhtháite. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt a dhéanamh ar sholáthar/coimisiúnú seirbhíse síceolaíochta. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt bhreise agus fairsingiú a dhéanamh ar an tSeirbhís Measúnaithe, Comhairliúcháin agus Teiripe (ACTS). (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt a dhéanamh ar an Straitéis athchóirithe don Chúram Malartach. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise Coimisiúnúcháin. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt a dhéanamh ar shraith chomhtháite de sheirbhísí chun tacú le híospartaigh an fhoréigin ghnéis agus teaghlaigh. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- A chinntiú go bhfuil na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh lánpháirteach sa Chreat Soláthair Seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Forbairt agus cur i bhfeidhm na Straitéise Tacaíochta Tuismitheoireachta chun a chinntiú go mbeidh na seirbhísí inrochtana agus éasca le húsáid. (Cuspóir Straitéiseach 3)

D

Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
Go mbeadh an freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil san oideachas lánaimseartha leabaithe sa soláthar seirbhís do gach leanbh.	Go dtabharfaí aitheantas, ar fud na n-earnálacha uile den tsochaí, do na sochair atá le baint ag leanaí agus teaghlaigh a bheith níos rannpháirtí san oideachas	Go mbeadh gach leanbh agus a dteaghlaigh gníomhach ina gcuid oideachais
<i>Freastail</i>	<i>Glac Páirt</i>	<i>Bain Amach</i>

Bearta

- Seirbhís reachtúil leasa oideachais a fhorbairt i gcomhar le scoileanna agus tuismitheoirí agus i gcomhthéacs na timpeallachta oideachais atá ag síorathrú. (Cuspóir Straitéiseach)
- Bonn maith a chur faoi idirghabhálacha oideachais laistigh den Chreat Soláthair Seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Tacú go héifeachtach le scoileanna, tuismitheoirí agus leanaí i ndáil le páirt a ghlacadh san oideachas, bíodh an t-oideachas sin á sholáthar i scoil nó in áit eile. (Cuspóir Straitéiseach 1)
- Cigireacht clárúcháin agus caighdeáin Luathbhlianta a thabhairt isteach atá tacaíthe ag córais atá bunaithe ar eolas. (Cuspóir Straitéiseach 8)
- Tacú le rannpháirt éifeachtach agus gnóthachtáil san oideachas do gach leanbh atá i gcúram. (Cuspóir Straitéiseach 1)

E

Torthaí gearrthéarmacha (1-3 bliana)	Torthaí Meántéarmacha (4-6 bliana)	Torthaí Fadtéarmacha (7-10 mbliana)
Go mbeadh an eagraíocht sainchuspóirthea chun ár rún straitéiseach a bhaint amach.	Go mbeadh an Ghníomhaireacht ina pháirtí sofhreagrach, ina chomhoibritheoir agus ina cheannaire i ngníomhaíochtaí trasearnála agus idirghníomhaireachta.	Go mbeadh tacaíocht iomlán na sochaí agus an phobail ann do leanaí agus iad a astiriú chuig an saol fásta.
<i>Iontaofa</i>	<i>Sofhreagrach</i>	<i>Urramach</i>

Bearta

- Struchtúir agus próisis eagraíochtúla a fhorbairt chun tacú le baint amach cuspóirí. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Straitéis TFC a fhorbairt a áireoidh úsáid Seirbhíse Bainistithe. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéise Náisiúnta Eastát. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Samhail leithdháilte acmhainní a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise. (Cuspóir Straitéiseach 4)
- Straitéis um luach ar airgead a fhorbairt. (Cuspóir Straitéiseach 4)
- Cur chuige córasach a fhorbairt i leith bainistiú riosca atá laistigh de na teorainneacha riosca. (Cuspóir Straitéiseach 8)
- Feabhas a chur ar phróisis airgeadais agus rialachais. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Córas bainistithe feidhmíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun go mbeadh an Ghníomhaireacht ailínithe le cuspóirí indibhidiúla agus chun bonn eolais a sholáthar maidir le riachtanais oiliúna agus forbartha. (Cuspóir Straitéiseach 5)
- Tacú leis an bhfoireann, iad a spreagadh agus iad a éascú trí fhorbairt struchtúrtha ghairmiúil agus ghairme. (Cuspóir Straitéiseach 5)
- Cód iompraíochtaí a fhorbairt agus a neadú ag gach leibhéal agus an cód sin a bheith mar chuid dár mbeartais, dár bpleananna agus dár ngnáthaimh. (Cuspóir Straitéiseach 3)
- Athchóiriú a dhéanamh ar bheartais agus ar phróisis athchóirithe agus choinneála chun a chinntiú go bhfuil siad ag freagairt do riachtanais na heagraíochta. (Cuspóir Straitéiseach 5)
- Oifig seirbhísí dlí a bhunú chun comhairle ardchaighdeáin a sholáthar/a fháil agus tacaíocht a sholáthar atá costéifeachtach, comhsheasmhach agus inrochtana. (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Straitéis inmheánach agus sheachtrach chumarsáide a fhorbairt. (Cuspóir Straitéiseach 6)
- Cultúr de chumarsáid éifeachtach a leabú ar fud na heagraíochta, atá tacaíthe ag uirlisí ilmheáin agus eile. (Cuspóir Straitéiseach 6)
- Prótacal a bhunú chun brandáil a dhéanamh ar eastáit agus ar gach gníomhaíocht bhainteach a bhíonn ar bun at Tusla. (Cuspóir Straitéiseach 6)
- Suirbhéanna rialta a dhéanamh i measc páirtithe leasmhara. (Cuspóir Straitéiseach 6)

- Roinnt imeachtaí i rith na bliana a phleanáil agus tacú leo. (Cuspóir Straitéiseach 6)
- Doiciméid lárnacha a fhoilsiú agus a chur chun cinn, ar doiciméid iad a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhíonn á reáchtáil i gcomhar le Tusla (CS6)
- Feachtas réamhghníomhach meáin a eagrú chun eolas a scaipeadh agus chun bainistiú a dhéanamh ar ghéarchéimeanna. (Cuspóir Straitéiseach 6)
- An acmhainneacht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais, seirbhísí a phleanáil go straitéiseach, agus monatóireacht is meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí (Cuspóir Straitéiseach 2)
- Oiliúint bhainteach a cheapadh agus a chur ar fáil mar chuid den straitéis earcaíochta agus coinneála. (Cuspóir Straitéiseach 3)
- Suirbhé bliantúil foirne a cheapadh, a fhorbairt agus a sheoladh d'fhonn daingniú a dhéanamh ar ghréasáin rannpháirtíochta agus comhairliúcháin foirne. (Cuspóir Straitéiseach 3)
- Próisis éifeachtacha tuairiscithe a fhorbairt chun tuilleadh eolais a sholáthar maidir le feidhmíocht airgeadais, AD. riosca agus oibríochtúil. (Cuspóir Straitéiseach 4)
- Freagracht as an gcinnteoireacht a chineadh. (Cuspóir Straitéiseach 4)
- Stocaireacht a dhéanamh le haghaidh acmhainní agus maoiniú iomchuí chun a chinntiú go dtabharfar an tacaíocht is gá do leanaí agus teaghlaigh (Cuspóir Straitéiseach 4)
- Daingniú a dhéanamh ar acmhainneacht agus inniúlacht ar gach leibhéal. (Cuspóir Straitéiseach 5)
- Forbairt a dhéanamh ar chultúr foghlama trí thacú le rannpháirtíocht na foirne i raon leathan de ghníomhaíochtaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt fheidhmeach, lena n-áirítear cúrsaí foirmiúla oiliúna, meantóireachta, ríomhfhoghlama agus deiseanna taighde. (Cuspóir Straitéiseach 5)
- Plean um Fhorbairt Ghairmiúil a Fhorbairt d'Oibrithe Sóisialta d'fhonn cothú a dhéanamh ar fhéinrialú, cuntasacht agus ceannaireacht ghairmiúil níos fearr. (Cuspóir Straitéiseach 5)
- A chinntiú go bhfuil na pleananna leanúnachais gnó i bhfeidhm ag Tusla, lena n-áirítear ceart do bhainistiú móréigeandála. (Cuspóir Straitéiseach 8)

9. Príomhrioscaí

9.1. Réamhrá

Cuirfear Plean Corparáideach Tusa i bhfeidhm i dtimpeallacht agus i gcomhthéacs ina bhfuil maoiniú teoranta, ina bhfuil próifíl agus ionchais na heagraíochta ag méadú, agus ina bhfuil rioscaí arda ann ag baint leis an eagraíocht.

I bhfianaise na rioscaí a bhaineann leo seo, beidh an Gníomhaireacht ar a dícheall faoi Chuspóir Straitéiseach 8 struchtúir éifeachtacha bainistíochta riosca a bhunú chun bainistiú agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí seo. Mar chuid den phróiseas seo bunófar clár comhtháite riosca. Tráth ar foilsíodh an Plean Corparáideach seo bhíodas ag forbairt clár riosca chorparáidigh. Bunaíodh roinnt de na bearta sa Phlean Corparáideach seo ar an obair thosaigh a rinneadh air sin.

9.2 Achoimre ar Rioscaí

Sainaithníodh roinnt rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chur i bhfeidhm sásúil an Phlean Chorpáidigh. I gcás gach riosca shainaitheanta tá roinnt beart maolúcháin ann, atá sonraithe sna táblaí thíos:

Rioscaí Oibríochtúla

Príomhrioscaí	Bearta Maolúcháin
Moill ar chur i bhfeidhm bonneagar rithábhachtach, e.g. TFC	Modhanna éifeachtacha bainistithe tionscadail chun tacú le bainistiú an athraithe
Sonraí neamhleora chun bainistiú a dhéanamh ar oibríochtaí an ghnó agus chun ionchur a sholáthar d'fhorbairt beartais	- Straitéis faisnéise a fhorbairt. - Córais fheabhsaithe chun tacú le bailiú sonraí tráthúla. - Méadracht a fhorbairt atá bunaithe ar thorthaí
Éagumas FSS/Tusla cliaint a rianú de réir mar a aistríonn siad ó eagraíocht amháin go dtí an eagraíocht eile	Forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcomhphrótacal agus ar shocruithe foirmiúla agus ar chórais i gcomhar le FSS
Gan ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh	- A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán an tsamhail soláthair seirbhíse ar fud na Gníomhaireachta. - Creat um Dhearbhú Cáilíochta a Chur i bhFeidhm.

Bainistiú agus Rialachas Riosca

Príomhrioscaí	Bearta Maolúcháin
Struchtúir neamhéifeachtacha rialachais agus bainistíochta	Torthaí an athbheithniúcháin eagraíochtúil a chur i bhfeidhm
Gan an cultúr cuí a fhorbairt agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar spiorad foirne	- Cláir shoiléire chun cultúr luachbhunaithe a fhorbairt. - Cláir forbartha foirne a chur i bhfeidhm
Gan an plean corparáideach a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú go sásúil	- Oifig bainistithe tionscadail a bhunú. - Pleanáil gnó agus bainistiú tionscadail a dhéanamh go héifeachtach.

Riosca Airgeadais

Príomhrioscaí	Bearta Maolúcháin
Gan a bheith in ann seirbhísí a sholáthar laistigh de na buiséid leithdháilte	- Samhail leithdháilte acmhainní a fhorbairt - Próisis éifeachtacha tuairiscithe airgeadais agus cuntasachta
Dlíthíocht a eascródh as teagmhais neamhfhabhracha	- Córais chomhtháite riosca agus bainistithe riosca a fhorbairt - Gnáthaimh dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt

Baol do Dhea-cháil agus Próifíl na hEagraíochta

Príomhrioscaí	Bearta Maolúcháin
Damáiste do dhea-cháil na heagraíochta mar thoradh ar theagmhais neamhfhabhracha	- Córais chomhtháite riosca agus bainistithe riosca a fhorbairt - A chinntiú go bhfuil faisnéis thráthúil agus bheacht ann chun cur le feabhsú seirbhíse
Cumarsáid neamhéifeachtach	- Straitéis chumarsáide agus seasaimh a fhorbairt - Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le rannpháirt leis na meáin agus le páirtithe leasmhara

9.3 Na Chéad Chéimeanna Eile

Mar chuid den struchtúr soláthair seirbhíse forbrófar clár iomlán riosca agus déanfar na rioscaí atá sonraithe sa rannóg seo a thuairisciú don Bhord sna tuairiscí ráithe. Chomh maith leis sin, déanfar an bainistiú riosca a chomhtháthú go hiomlán leis an bpróiseas pleanála gnó.

10. Cur i bhFeidhm

10.1 Bainistiú ar chur i bhfeidhm

Má dhéantar maoirseacht ar chur i bhfeidhm na mbeart arna sonrú sa Phlean Corparáideach seo cinnteofar go ndéanfar na hacmhainní a dhíriú ar na tosaíochtaí, go ndéanfar tacú agus leabú ar fhoghlaím laistigh den eagraíocht, agus go mbainfear amach go tráthúil na torthaí.

Beidh ar an Stiúrthóir um Dhearbhu Cáilíochta freagracht a ghlacadh astu seo a leanas:

- Idirchaidreamh díreach a dhéanamh le Ceannairí na Stiúrthóireachtaí chun tuairiscí ráithe a fháil maidir le dul chun cinn i gcoinne na bhfreagrachtaí áirithe atá orthu sa Phlean Corparáideach;
- Oibriú le Ceannairí na Stiúrthóireachtaí chun príomhéagsúlachtaí agus moltaí a phlé maidir le conas dul i ngleic le héagsúlachtaí atá ag teacht salach ar a chéile;
- Tuairisc ráithe a fhorbairt don Bhord agus don Phríomhfheidhmeannach maidir le dul chun cinn an phlean, na príomhnithe atá foghlamtha, meastóireacht ar chultúr na heagraíochta, ar na dúshláin agus ar na hathruithe is gá, a gcur i bhfeidhm agus aon mholtaí eile.

10.2 Monatóireacht ar chur i bhfeidhm

Táimid tar éis sraith de PTFanna agus spriocanna a fhorbairt do gach toradh atá le baint amach i mblianta a haon, a dó agus a trí. Tá siadsan sonraithe thíos:

A. Tá próisis agus córais cosanta leanaí Tusla ag freagairt do leanaí i mbaol ar bhonn tráthúil

PTF	Spriocanna Bhliain 1	Spriocanna Bhliain 2	Spriocanna Bhliain 3
1. % na n-atreoruithe de chásanna mí-úsáide leanaí i gcás go ndearnadh an réamhfiosrú laistigh de 24 huaire	75%	95%	95%
2. % na n-atreoruithe de chásanna mí-úsáide leanaí i gcás go ndearnadh an chéad mheasúnú tar éis príomhfiosrú a dhéanamh	70%	90%	95%
3. % na réamh-mheasúnuithe seo a cuireadh i gcrích tar éis 21 lá ó fháil an atreoraithe	50%	70%	80%
4. Laghdú spriocdhírithe ar chásanna a bhí liostáilte roimh seo mar chásanna 'gníomhacha' ar Chóras Foláirimh Cosanta Leanaí laistigh den amscála forordaithe.	Bonnlíne le socrú in 2015	10%	15%

B. Go mbeadh gach próiseas agus córas atá ina bhonn is ina thaca do bheartais agus seirbhísí leanaí agus teaghlaigh ina bpróisis agus ina gcórais atá bunaithe ar fhianaise

PTF	Spriocanna Bhliain 1	Spriocanna Bhliain 2	Spriocanna Bhliain 3
1. Céatadán na moltaí ó Rialtóirí agus ó fhorais mhaoirseachta eile chun feabhas a chur ar sheirbhísí laistigh d'amscála sonraithe	Bonnlíne le socrú in 2015	80%	95%
2. Iniúchadh ar phróisis ghnó a bheith i bhfeidhm	60%	95%	100%

C. Beidh raon de thacaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta ann

PTF	Spriocanna Bhliain 1	Spriocanna Bhliain 2	Spriocanna Bhliain 3
5. Fianaise de fheabhas a bheith ar fholláine na leanaí sa spriocghrúpa	50%	75%	90%
6. Líon na leanaí/na dteaghlach a atreoraítear ón obair shóisialta chuig seirbhísí tacaíochta teaghlaigh	Bonnlíne le socrú in 2015	10%	20%
7. Líon na leanaí/na dteaghlach a atreoraítear chuig seirbhísí tacaíochta teaghlaigh	Bonnlíne le socrú in 2015	10%	20%
8. Líon na leanaí/na dteaghlach a fhaigheann seirbhísí tacaíochta teaghlaigh	Bonnlíne le socrú in 2015	10%	20%

D. Beidh freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí san oideachas lánaimseartha ina bhunchuid den soláthar seirbhíse

PTF	Spriocanna Bhliain 1	Spriocanna Bhliain 2	Spriocanna Bhliain 3
1. Céatadán na Seirbhísí Luath-Bhlianta a ndéantar athchlárú orthu	20%	60%	100%
2. Líon na leanaí/na dteaghlach arna dtacú ag idirghabhálacha seirbhísí leasa oideachais chun dul i ngleic le freastal/socrúcháin scoile	60%	70%	80%
3. Líon na leanaí/na dteaghlach arna dtacú le hidirghabhálacha seirbhíse leasa oideachais chun dul i ngleic le drochthinreamh tromchúiseach/ainsealach scoile	70%	80%	90%
4. Líon/céatadán na leanaí i gcúram atá in oideachas lánaimseartha	95%	100%	100%
5. Líon/céatadán na leanaí i seirbhísí iarchúraim atá in oideachas lánaimseartha	60%	70%	75%

E. Eagraíocht shainchuspóirthe chun ár rún straitéiseach a bhaint amach

PTF	Spriocanna Bhliain 1	Spriocanna Bhliain 2	Spriocanna Bhliain 3
1. Foireann a fuair breithmheas feidhmíochta	50%	70%	80%
2. Toradh an tsuirbhé sásúlachta foirne	50%	70%	90%
3. Freagairt do ghearáin le hamlínte sonraithe	Bonnlíne le socrú in 2015	70%	80%
4. Bonneagar aonair TFC a bheith ag an nGníomhaireacht	70%	80%	95%
5. Struchtúr, róil, freagrachtaí agus cumas na heagraíochta a bheith ailínithe le cuspóirí straitéiseacha	70%	80%	100%

Aguisín I: An reachtaíocht atá idir lámha (Nollaig 2014)

An Bille um Thús Áite do Leanaí – Ag feitheamh ar Chéim an Choiste i nDáil Éireann

An Bille Uchtála (Féiniúlacht agus Faisnéis) – Mírchinn Ghinearálta agus Scéim fós le faomhadh ag an Rialtas

An Bille um Leanaí (Leasú) 2014 –

An Bille um Chúram Leanaí (leasú) 2014

An Bille Uchtála (Leasú) 2012 – Ag feitheamh le toradh an achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach i ndáil le toradh an Reifrinn do Leanaí

Rialacháin Réamhscoile

Rialacháin maidir le Cúram Speisialta

An Bille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2014

An Bille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil) Bill 2014

Aguisín 2: Aiseolas ón gComhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Téamaí na bPáirtithe Leasmhara

Bhí leibhéal ard comhaontúcháin ann ar fud na ngrúpaí de pháirtithe leasmhara mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo. Tháinig sé cinn de théamaí straitéiseacha chun solais, ag cuimsiú raon dearchtaí an bpáirtithe leasmhara. Seo thíos achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí faoi gach ceann de na téamaí sin.

1. Gníomhaireacht Náisiúnta agus Cosantóir Leanaí

Cuireadh mórfháilte, i measc na bpáirtithe leasmhara, roimh bhunú Tusla, an ghníomhaireacht náisiúnta le freagracht reachtúil as leas agus cosaint leanaí, agus leis an eagraíocht nua tugadh le chéile na seirbhísí iomchuí go léir do leanaí agus teaghlaigh faoi scáth aon eagraíochta amháin. Tá a lán dea-thola ann le go n-éireodh le Tusla agus go gcuirfeadh sé ar fáil samhail níos fearr chun seirbhísí a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh in Éirinn.

Is é dearcadh na bpáirtithe leasmhara ná go bhfuil ról an ‘chosantóra’ ag Tusla agus go bhfeidhmeoidh an eagraíocht mar phointe fócais don bheartas agus straitéis náisiúnta a bhaineann le leanaí. Tá roinnt gníomhaíochtaí ar mhaith leis na páirtithe leasmhara Tusla a fheiceáil á dhéanamh chuige sin go léir, lena n-áirítear:

- **Stocaireacht:** Go gcinnteodh Tusla go mbeadh leanaí lárnach i mbeartas an Rialtais agus go n-amharcfaí ar chur i bhfeidhm beartais trí ‘lionsa leanaí’. D’éileodh seo ar Tusla stocaireacht a dhéanamh le go gcuirfí i bhfeidhm athruithe reachtúla ar bhonn córasach ar fud na n-earnálacha a mbeadh tionchar acu ar shaol agus forbairt leanaí, lena n-áirítear oideachas, sláinte, dlí agus cirt, leas agus fostaíocht.
- **Cuntasacht:** Tusla le cinntiú go bhfanfadh gach éinne, Tusla san áireamh, ‘macánta’ i ndáil le cur i bhfeidhm cinntí agus freagracht a ghlacadh as na gealltanais sin a chomhlíonadh. Tá ról náisiúnta ag Tusla ó thaobh an eagraíocht féin, ranna Rialtais, agus soláthraithe seirbhíse, agus gníomhaireachtaí poiblí eile, pobail agus tuismitheoirí a choinneáil cuntasach do thús áite a thabhairt do leanaí nuair atá seirbhísí do leanaí á soláthar – bíodh sé sin ag leibhéal na cinnteoireachta, na pleanála agus nó an tsoláthair seirbhíse, na comhpháirtíochta ilghníomhaireachta, nó Coistí Seirbhísí Leanaí, chomh maith leis an saol sa phobal agus sa teaghlach.
- **Dúshlán:** Tá ról ag Tusla dúshlán a thabhairt do dhaoine thar ceann leanaí agus daoine óga, go háirithe i gcás go bhfuil fianaise ann gur theip ar na córais sin.
- **Pleanáil:** Meastar gurb é Tusla an eagraíocht atá sa suíomh is fearr chun bheith ina cheannaire sa phleanáil réamhghníomhaíoch in Éirinn ar son seirbhísí do leanaí. Ba chóir go mbeadh an cheannaireacht sin bunaithe ar fhianaise, ar shonraí iontaofa agus ar réamhaisnéisí, agus go dtarraingeodh sé ar mheastóireacht agus ar eolas faoi cad iad na hidirghabhálacha is éifeachtaí. Shínfeadh tréimhsí na bpleananna fadtéarmacha thar na timthrialla toghcháin, agus bheadh sé ina thiomantas náisiúnta, seachas ina thiomantas polaitiúil dá réir.
- **Infheistiú:** Ag teacht leis an méid thuasluaite, tá sé mar ról ag Tusa acmhainní a lorg a bhfuil gá leo do sholáthar seirbhísí. Dar leis na páirtithe leasmhara níl a dhóthain acmhainní ag Tusla faoi láthair chun a chinntiú go leithdháiltear na hacmhainní is gá ar bhealach comhordaithe, atá spriocdhírthe ar riachtanais.
- **Cumarsáid:** Ba chóir go bhféachfadh Tusla le ‘comhrá’ náisiúnta a bheith ann agus feachtas phoiblí a spreagadh maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le cosaint agus leas leanaí. Éilíonn sé seo cumarsáid rialta faoi ról Tusla, agus béim a leagan ar go rachadh gach éinne i ngleic leis na nithe a théann i bhfeidhm ar leanaí agus daoine óga agus ní na gairmithe sláinte amháin. Luaigh a lán páirtithe leasmhara éagsúla an pointe sin arís is arís eile.

2. Ag múnú an chórais

Cuireadh síos ar chóras na seirbhísí in Éirinn do leanaí agus teaghlaigh mar chóras ‘míreanna mearaí’ trína chéile.

Déanta na firinne, tá na tacaí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair do leanaí agus teaghlaigh ina dtacaí agus seirbhísí ilroinnte. Ceann de na cúiseanna leis seo ná go bhfuil struchtúir ann a chothaíonn an timpeallacht seo, le raon de ranna, beartais, gníomhaireachtaí agus soláthraithe Rialtais ar leithligh nach bhfuil aon mhandáid reachtúil acu comhoibriú lena chéile. An toradh air sin ná dúbailt agus bearnaí i seirbhísí, dáileadh míchothrom, mearbhall maidir le ról, aighneas agus comórtas idir na páirteanna éagsúla den chóras.

Bhí comhaontú ann i measc na bpáirtithe leasmhara go mbeadh ról tábhachtach ag Tusla in éascú a dhéanamh ar ‘chruth an chórais’ a chur ina cheart agus comhordú a dhéanamh ar an bhfreagra comhchoiteann. Seo a leanas na tosaíochtaí ag Tusla chuige sin, de réir dhearcadh na bpáirtithe leasmhara:

- **Ailíniú:** Tusla le hailíniú níos fearr a dhéanamh ar chóras seirbhísí agus tacaí ar fud an chontanaim, agus an phróifíl riachtanas a bhunú ar an eolas déimeagrafach atá ann. Tusla le fócas a thabhairt trí chomhordú a dhéanamh ar an bhfreagra comhchoiteann chun acmhainní a spriocdhíriú go héifeachtach ionas go mbeadh leanaí agus teaghlaigh in ann rochtain ghasa a fháil ar na seirbhísí agus na tacaí is fearr chun freagairt dá riachtanais.
- **Cothromaíocht:** Tusla lena chinntiú go bhfuil cothromaíocht ann idir soláthar agus tacaíocht ó luathbhlianta agus luath-idirghabháil, seirbhísí coisctheacha spriocdhírthe chun seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a sholáthar do na leanaí sin is mó i ngátar cosanta. An teachtaireacht a bhí ag páirtithe leasmhara do Tusla ná cothromaíocht a bhaint amach sa chaoi ina ndéantar acmhainní a spriocdhíriú. Éilíonn sé seo samhail de sholáthar seirbhíse a chinntíonn go bhfuil seirbhís chomhleanúnach inrochtana ann a bhfuil cur chuige d’idirghabháil agus soláthar seirbhíse ardchaighdeán aige, chomh maith le seirbhís shábháilte ardchaighdeán do na leanaí is mó i mbaol.
- **Coimisiúnú:** Meastar go bhfuil sé seo ina spreagthóir tábhachtach do mhúnú an chórais seirbhísí. Éilíonn sé ar Tusla leas a bhaint as a chumhachtaí coimisiúnaithe, chomh maith le comhaontuithe leibhéil seirbhíse agus dámhachtainí deontais, chun dreasachtaí níos fearr a chur ar fáil don chóras soláthraithe ionas go mbeadh sé inoiriúnaithe agus inathraithe, bunaithe ar fhianaise agus ar fhaisnéis faoi cén chaoi is fearr feabhas a chur ar thaithí agus ar thorthaí do leanaí agus do theaghlaigh.
- **Naisc trasteorann:** Ag obair go héifeachtach thar teorainneacha i gcomhar le gairmithe eile, le ranna Rialtais, le pobail, tá cultúir ina n-inniúlachtaí ríthábhachtacha ar ghá do lucht bainistíochta Tusla agus don fhoireann ar gach leibhéal iad a fhorbairt. Chomh maith leis sin, is gá do Tusla ceangail ríthábhachtacha a chothú go réamhghníomhach ionas go mbeidh sé chomh héasca agus is féidir é do choda éagsúla an chórais feidhmiú i dteannta a chéile agus faisnéis a roinnt. Tá samplaí de seo ann idir leas agus neamhfhreastal scoile; altracht sláinte poiblí agus forbairt Luath-Bhlianta; comhphrótaicail imscrúdúcháin idir oibrithe sóisialta agus An Garda Síochaa; an córas dlí agus imeachtaí cúraim; seirbhísí meabhairshláinte agus obair shóisialta.
- **Córasach:** Chun tacaíocht agus seirbhís a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh i ngátar is gá pleanáil agus feidhmiú ar bhealach córasach de réir amscálaí, áiteanna, caidrimh agus ról. Is féidir le Tusla tús áite a ghlacadh san iarracht seo trína chinntiú go dtugtar bonn is taca don chinnteoireacht agus don phleanáil ag gach leibhéal chun ‘réitigh ilroinnte’ a sheachaint a chuireann leis an gcur isteach ar shaol leanaí.

3. Cumas Foirne

Ar cheann de na teachtaireachtaí is tábhachtaí ó na páirtithe leasmhara tá an tábhacht a bhaineann le go gcuideofaí le Tusla ‘cur’ lena líne tosaigh, i.e. acmhainneacht a thógáil agus foireann a sholáthar a chuireann seirbhísí ar fáil go díreach chun cuidiú le leanaí agus teaghlaigh.

- **Acmhainneacht:** Tusla le stocaireacht a dhéanamh le go mbeadh dóthain foirne ann.
- **Ualach Cásanna:** Tusla le díriú ar choinneáil foirne, aistriú eolais agus faisnéise idir an fhoireann agus uirlisí tacaíochta post agus rochtain ar theicneolaíocht a sholáthar chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus laghdú ar ghníomhaíochtaí nach gcuireann leis an luach.
- **Inniúlacht:** Tusla le méadú ar chumas an fhórsa oibre trína chinntiú go gcuirtear maoirseacht, oiliúint agus forbairt leanúnach ghairmiúil ar fáil. Cuirfidh sé seo le feidhmíocht na foirne, laghdóidh sé ar chostais agus ar thuilleamaíocht ar ‘shaineolaithe’ seachtracha, cuirfidh sé feabhas ar chinnteoireachtaí agus cumasóidh sé cur i bhfeidhm na fianaise agus na gcaighdeán gairmiúil sa chleachtas fén.
- **Ceanaireacht:** Tusla le cur chun cinn a dhéanamh ar cheannaireacht láidir a fhorbróidh Foirne Bainisteoirí agus a chuirfidh i bhfeidhm athruithe, ag obair i gcomhar le daoine eile, agus ag cur i bhfeidhm na cinnteoireachtaí fianaisebhunaithe.
- **Samhlacha Cleachtais:** Tusla le sainiú a dhéanamh ar raon samhlacha fianaisebhunaithe cleachtais agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann oile sna cleachtais sin ina réimsí oibre.
- **Conairí:** Tusla le sainiú a dhéanamh ar chaighdeán cháilíochta, ar ról, ar riachtanais faisnéise agus ar chaighdeán na gconairí idirghabhála a chuireann feabhas ar thaithí an linbh nó an teaghlaigh a bhaineann úsáid as na seirbhísí sin.
- **Comhpháirtíocht:** Tusla le forbairt a dhéanamh ar scileanna chun tacú le seirbhísí do leanaí.
- **Meascán Scileanna:** Tusla le breathnú an athuair ar na hionchuir is gá do sheirbhísí, mar shampla obair leis an óige a chur san áireamh i sainchúram Tusla. Tá gá le ról nua leis na múnlaí cleachtais agus na conairí nua agus chruthódh sé seo bonn scileanna agus taithí níos leithne laistigh den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- **Struchtúr:** Soiléiriú a dhéanamh ar struchtúir, líne tuairiscithe, ról agus freagrachtaí, socruithe tuairiscithe agus cuntasacht do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.
- **Coimhdeacht:** Oibriú i gcomhar le hionad a bhfuil acmhainní imleora aige. Ba chóir do Tusla éascú a dhéanamh ar an gcinnteoireacht ag an leibhéal áitiúil. Ionas go dtarlódh sé seo go comhleanúnach ar fud na ranna go léir, agus go himmheánach in Tusla chomh maith le laistigh de ghníomhaireachtaí eile, bheadh gá le hionad dea-fhorbartha amháin a bhfuil beartais agus gnáthaimh chaighdeánaithe náisiúnta aige a ndéantar iad a sholáthar go háitiúil.

4. Cáilíocht na seirbhíse agus taithí

Ceann de na saincheistanna is tábhachtaí, is dócha, ag roinnt mhaith de na soláthraithe seirbhíse (idir sholáthraithe seirbhíse oideachais agus sholáthraithe seirbhíse cónaitheacha) a ghlac páirt sa chomhairliúchán i measc páirtithe leasmhara ná an gá atá ann feabhas a chur ar na torthaí agus ar thaithí leanaí agus daoine óga a bhíonn i dteagmháil leis an gcóras foirmiúil leasa agus cosanta leanaí.

An teachtaireacht fhoriomlán do Tusla ná seirbhísí a sholáthar a chuirfidh feabhas ar an saol agus a dhéanfaidh an saol níos sona do leanaí agus daoine óga a bhfuil gá acu le cúnamh ina saol. Ach é sin a dhéanamh go híogair, go comhleanúnach agus go sofhreagrach. Seo a leanas na saincheistanna a tháinig chun solais:

- **Faisnéis Bheacht:** Tusla lena chinntiú go bhfuil taifid chun dáta aige faoi leanaí agus daoine óga a bhfuil sé i dteagmháil leo (e.g. cá bhfuil siad, ar feadh cá mhéid ama, agus cad iad na pleananna atá acu chun tacú leo).
- **Rochtain:** Tá gá le freagra a thabhairt níos tapúla ar atreoruithe, laghdú ar liostaí feithimh

agus measúnachtaí leantacha, pleanáil agus gníomhaíocht a thionscnamh, chun feabhas a chur ar thorthaí agus moill a sheachaint agus cosc a chur le héagumas na seirbhísí tráth a bhfuil gá leo.

- **Aiseolas:** Tusla le héascú a dhéanamh ar leanaí agus daoine óga a mianta a chur in iúl agus go gcuirfí na mianta sin san áireamh, lena n-áirítear aiseolas faoi cháilíocht na seirbhísí a fhaightear, ionas gur féidir athruithe agus feabhsúcháin a dhéanamh. Bíonn tuairimí ag leanaí agus daoine óga faoi cháilíocht na seirbhíse a fhaigheann siad agus ba chóir a n-aiseolas a chur san áireamh in aon athbhreithniú ar oiliúint agus feidhmíocht ghairmiúil.
- **Buaine:** Ba chóir cloí leis an mbonn fianaise faoin gcaoi le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus daoine óga i ngach gné den soláthar seirbhíse, lena n-áirítear pleanáil don bhuaire agus íoslaghú ar chur isteach do leanaí.
- **Iarchúram:** Tá gá le tacaíocht san aistriú chuig an mhaireachtáil neamhspleách do gach duine óg atá ag fágáil cúraim. Tá freagracht ar Tusla a chinntiú nach bhfuil daoine óga a fhágann cúram faoi mhíbhuntáiste.
- **Tiomantas:** Tusla le caighdeáin cháilíochta a chur ar bun do sheirbhísí ionas gur féidir le leanaí agus daoine óga beartú ar cad ba chóir dóibh a bheith ag súil leis agus measúnú a dhéanamh ar an tseirbhís a fhaigheann siad, go háirithe i ndáil le suíomhanna malartacha cúraim.
- **Réiteoir Neamhspleách:** Mhol a lán páirtithe leasmhara éagsúla go gceapfadh Tusla moltóir neamhspleách a bheadh in ann déileáil le gearáin ó leanaí agus daoine óga sa chóras gan eagla a bheith orthu go rachadh sé sin i bhfeidhm ar an tseirbhís a gheobhaidís.
- **Trasghearrthach:** Meastar go bhfuil easpa ann ó thaobh seirbhísí meabhairshláinte leanaí agus ógánach i sainchúram Tusla – réimsí ar chóir freastal orthu. Cuireann an easpa sin cosc ar sholáthar raon iomlánaíoch, sofhreagrach seirbhísí.
- **Cosc agus Luath-Idirghabháil:** Tusla le bheith chun tosaigh ó thaobh stocaireacht a dhéanamh ar son acmhainní breise chun cur le soc agus luathidirghabháil i saol teaghlach a bhfuil deacrachtaí acu.

5. Rannpháirtíocht agus comhtháirgeacht

Ag eascairt ón gcomhairliúchán, tháinig sé chun solais gur fháiltigh na páirtithe leasmhara roimh an deis teagmháil dhíreach a bheith acu le Tusla. Ba mhaith leo go leanfaí den phróiseas seo ionas go bhféadfaí na caidrimh chomhurraime a fhorbairt mar bhonn le caidrimh mhaithe chomhtháirgeachta.

Freagracht ar chóir í a roinnt ná an fhreagracht as cúram leanaí agus cosaint leanaí agus bíonn a lán daoine i gceist leis. Baintear torthaí níos fearr amach má dhéanann gach gníomhaireacht agus cleachtóir a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar shaol leanaí, obair i gcomhar lena chéile chun bonn tuisceana agus comhurraim a chothú. Ní minic a tharlaíonn comhroinnt agus comhoibriú tráth a bhfuil acmhainní tearc. Tháinig na saincheisteanna seo a leanas chun solais:

- **Comhairliúchán:** Tusla le rannpháirtíocht rialta a spreagadh i measc na bpáirtithe leasmhara ag gach leibhéal chun eolas a roinnt, líonraí a fhorbairt, nuálaíocht a spreagadh, muinín a thógáil agus coimisiúnú agus soláthar seirbhíse amach anseo a chothú.
- **Rannpháirtíocht:** Aontaítear go bhfuil gá an córas a athchóiriú. Tá an deis ann cultúr comhoibritheach a chothú seachas cultúr freasúrach. Féadfaidh Tusla rannpháirtíocht sa chóras a spreagadh, maille le tiomantas i leith an athraithe, sa bhealach a ndéanann sé bainistiú ar chaidrimh ina líonraí de pháirtithe leasmhara.
- **Claochlú:** Tá a lán páirtithe leasmhara ann ar mhaith leo go ndéanfaí an córas iomlán a athrú ó bhonn bunaithe ar chomhfhis don todhchaí, seachas cur chuige a bheadh tiomáinte ag Tusla as a stuaim féin mar choimisinéir. Tá gá ag Tusla le córas soláthróra láidir, ábalta a roinneadh an fhreagracht as cáilíocht na seirbhíse agus na tacaíochta.

- Meitheal Machnaimh: Tá luach ag baint le teacht le chéile mar mheithle ‘machnaimh’ chun pleanáil a dhéanamh ar an gcaoi le heolas agus fianaise a úsáid. Féadfaidh Tusla éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht le ceannairí machnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta chun comhfhís a chruthú.
- Cumhachtú: Tusla le bheith ina pháirtneir le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail, agus cur chuige láidreachtaí-bhunaithe a ghlacadh chun láidreacht agus acmhainneacht na heagraíochta a thógáil, chun cúram a dhéanamh de daoine óga, seachas a bhfreagracht a bhaint uathu.
- Prótacail: Fáiltíonn na páirtithe leasmhara roimh an tsoiléireacht agus na prótacail chomhaontaithe don rannpháirtíocht fhoirmiúil agus don chomharobair, agus tacaíonn le dianghéilliúlacht.
- Oiliúint: Bheadh fáilte roimh dheiseanna tabhairt faoi chomhoiliúint agus rannpháirtíocht struchtúrtha, go háirithe i gcás go mbeadh an chomhoibriú ag leibhéal an tsoláthair seirbhíse rithabhachtach (e.g. ionaid acmhainne teaghlaigh, Gardaí, múinteoirí).

6. Aontacht agus Éifeachtacht Inmheánach

Ar na tosaíochtaí le haghaidh Tusla de réir mar a fhorbróidh sí mar eagraíochta beidh aontú agus daingniú a dhéanamh ar an gcultúr eagraíochtúil, ar phróisis oibríochtúla agus ar chórais tacaíochta. Luaigh na páirtithe leasmhara seachtracha a oibríonn le Tusla go bhfuil gá le comhleanúnachas inmheánach agus go háirithe go bhfuil gá eolas iontaofa a sholáthar, prótacail a chur i bhfeidhm go comhleanúnach agus soiléire a bheith ann faoi róil agus freagrachtaí. Seo a leanas roinnt de na réimsí a tháinig chun solais:

- Cultúr: Tusla le cultúr dearfach inmheánach agus branda, íomhá agus dea-cháil sheachtrach a chruthú. Ba chóir d’úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara eispéireas maith a bheith acu agus iad ag plé le Tusa trí gach pointe teagmhála leis an eagraíocht. Is ‘taidhleoir branda’ gach fostaí de chuid Tusla agus cuirtear cultúr Tusla in iúl trína fhoireann. Is gá ceannaireacht a léiriú ina leith seo ag gach leibhéal chun an cultúr a mhúnlú.
- Bainistiú faisnéise: Leagadh béim arís is arís eile ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis iontaofa chun tacú le cinnteoireacht, chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun pleanáil do spriocdhíríú amach anseo.
- Sonraí: Cuideoidh an tuairisciú fianaisebhunaithe agus an fheidhmíocht monatóireachtbhunaithe le Tusla cás éifeachtach gnó a dhéanamh le haghaidh acmhainní riachtanacha chun a sheirbhísí éifeachtacha a sholáthar.
- Córais: Tusla le cuíchóiriú, caighdeán agus simpliú a dhéanamh ar phróisis oibre agus deireadh a chur le dúbailt, páipéarachas agus maorlathas nach bhfuil gá leis.
- Oscailteacht: Tusla le bheith trédhearcach agus cuntasach i ndáil le soláthar seirbhísí.
- Tomhas: Tusla le tomhais fhadaimseartha chuspóireacha a fhorbairt, idir thomhais cháilíochtúla is thomhais chainníochtúla, bunaithe ar an mbonn eolais atá ag teacht chun cinn do leanaí agus daoine óga.
- Rathúlacht: Tusla le ceiliúradh a dhéanamh agus aitheantas a fháil agus dea-scéalta a roinnt agus an cleachtas is fearr a léiriú.
- Feabhsú: Tusla le heagraíocht foghlama a fhorbairt trí éascú a dhéanamh ar shiarmhachnamh criticiúil, feabhas a chur ar sheirbhís agus a bheith nuálaíoch, agus

gnóthachtáil a aithint. Chomh maith leis sin, Tusla le cothú a dhéanamh ar an bhfeabhsú leanúnach, eagla a bhaint agus modhanna agus teicnící a sholáthar don fhoireann chun cuidiú le cur i bhfeidhm an athraithe.

Tátail ón rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

San iomlán, ghlac breis is 415 dhuine páirt ghníomhach sa chomhairliúchán seachtrach, ar fud na tíre in ionad i nGaillimh, Cill Dara, Tiobraid Árann agus Baile Átha Cliath. Chomhlánaigh breis is 800 ball foirne agus bainisteoir an suirbhé inmheánach nó ghlac siad páirt sna ceardlanna pleanála corparáidí. Chuir an comhairliúchán forleathan, luachmhar seo leis an mbabhta de chomhairliúchán a reáchtáladh sna míonna roimhe sin.

Chuidigh torthaí an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara le Tusla tuiscint níos doimhne a fháil ar dhearcadh na bpáirtithe leasmhara:

‘A thuiscint cén dearcadh atá ag úsáideoirí seirbhíse, ag foireann agus ag páirtithe leasmhara ar an nGníomhaireacht agus cad a d’fhéadfadh an Gníomhaireacht a dhéanamh chun freastal níos fearr orthusan amach anseo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil.’

Mar thátal, chuir an comhairliúchán a reáchtáladh le páirtithe leasmhara roinnt léargas tábhachtach ar fáil do Tusla agus cuideoidh siadsan le cur i bhfeidhm Phlean Corparáideach 2015-2017. Seo a leanas na príomhphointí:

- D’fháiltigh na páirtithe leasmhara roimh an deis caidrimh le Tusla agus teastaíonn uathu leanúint den ‘chomhrá’ seo agus tacú leis an eagraíocht anois agus amach anseo.
- Léiríonn an ráta freagartha i measc na bpáirtithe leasmhara leibhéal na spéise agus an tábhacht a shamhlaítear le ról Tusla.
- Is léiriú an méid freagraí a fuarthas ar ról Tusla agus tugann sé ‘cead’ don Gníomhaireacht bheith mar ‘chosantóir’ le haghaidh leanaí agus ceannaireacht a ghlacadh sa spás sin.
- Tá an próiseas comhairliúcháin tar éis bailíochtú a dhéanamh ar thosaíochtaí straitéiseacha a bhfuil aghaidh á dtabhairt orthu sa Phlean Corparáideach.
- A bhuíochas leis an leibhéal ard comóntachta ar fud an chórais beidh Tusla ábalta díriú ar shaincheisteanna.

Aguisín 3: Samhail don Athrú Sóisialta

Tháinig coincheap na Samhla um Athrú Sóisialta chun cinn i Scoil Ghnó Harvard. Baintear leas as go príomha san earnáil neamhbhrabúis agus dheonach, agus úsáitdear í mar uirlis forbartha straitéise chun friotal a chur ar na nithe seo:

- An tuiscint atá ag na eagraíocht ar **fhadhb shóisialta**, agus hipitéis ina leith sin, ar fadhb í a bhfuil an eagraíocht ag iarraidh réiteach a fháil uirthi;
- **Comharthaí sóirt** na faidhbe sin i.e. conas a bhíonn an fhadhb sin le sonrú sa saol (Féach Aguisín 3 le haghaidh samplaí);
- Na **constaicí** atá inár mbealach ó thaobh dul i ngleic leis an bhfadhb (Féach Aguisín 3 le haghaidh samplaí);
- Na **spreagthóirí** is gá chun go dtarlódh athrú i gcoinne na faidhbe sóisialta seo.

Tá roinnt príomhghnéithe den tSamhail don Athrú Sóisialta ar chuir Tusla iad in oiriúint d'fhorbairt a Phlean Corparáideach, mar atá sonraithe thíos.

Comharthaí Sóirt na Faidhbe

Sa chéim seo den phróiseas sainaitheann na comharthaí sóirt a bhaineann leis an bhfadhb atá le réiteach. Chuige seo, reáchtáladh roinnt seisiún oibre, a raibh mar aidhm acu a fháil amach conas mar a bhí an fhadhb ag teacht chun solais. Seo a leanas liosta iomlán de na comharthaí sóirt a ainmníodh.

- Éagothroimí sláinte, oideachais, sóisialta agus folláine
- Pobail bhochta
- Scileanna tuismitheoireachta tearcfhorbartha
- Scor den rannpháirtíocht sa chóras oideachais
- Easpa teacht aniar
- Éagothroime idéú agus deise
- Mí-úsáid substainte
- Mí-úsáid/faillí
- Foréigean teaghlaigh agus cineálacha eile foréigin
- Cliseadh teaghlaigh

Bacainní

Chomh luath agus a shainaithnítear na comharthaí sóirt, an chéad chéim eile ná a fháil amach cad iad na bacainní atá i mbealach stop a chur leis an bhfadhb a réiteach agus conas dul i ngleic leis na comharthaí sóirt? Reáchtáladh seisiún oibre chun na bacainní a phlé.

- Droch-chaidreamh oibre agus drochfhreagracht ilghníomhaireachta
- Pleanáil ghearrthéarmach mar rogha réamhshocráithe
- Easnamh infheistíochta
- Leibhéil éagsúla tuisceana i ndáil le fianaise inúsáidte
- Gan buiséid chomhroinnte a bheith ann
- An tsochaí gan a bheith ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna

- Is féidir le dearadh na seirbhísí a bheith féinfhreastalaíoch
- Is minic a bhíonn na réimsí tionchair róchúng chun athrú ceart córasach a ghiniúint
- An córas mall ag athrú agus ag glacadh le hathrú
- Easpa pleanála agus cuntasachta straitéisí
- Srianata reachtúla
- Drochailíniú ar acmhainní (e.g. airgeadas, foireann, bonneagar)
- Gan dóthain acmhainneachta ann chun déileáil le saincheisteanna
- Seirbhísí gan a bheith spriocdhírithe ar ghrúpaí atá i mbaoil
- Bearnaí sa soláthar seirbhíse/nascthachtaí
- Gan ceachtanna a bheith foghlamtha ó earráidí beartais agus cleachtais roimhe seo
- Droch-chinnteoireacht
- Easpa faisnéise fírosaí i ndáil le feidhmíocht na Gníomhaireachta
- An pobal a chur ar an eolas faoina ndéanaimid
- Díriú ar bhainistiú soláthair seachas ar an éileamh a shrianadh
- Col le riosca
- Gnáthaimh rómhaorlathach
- Córas cúirta/ceartais óige inoibrithe

Príomhfhadhbanna

Ansín bhreithníomar na príomhfhadhbanna a bhfuilimid ag freagairt dóibh. Reáchtáladh roinnt ceardlann agus cruinnithe chun croílár na bhfadhbanna sóisialta a chíoradh. Seo a leanas na príomhfhadhbanna sin:

- Easpa feasachta sa phobal fairsinge na saincheiteanna sa phobal a aithint agus gan a beith toillteanach fadhbanna a chur ina gceart
- An gnáthrud a dhéanamh ná bainistiú géarchéime, idirghabháil dhéanach agus pleanáil ghearrthéarmach mar thoradh ar shrianta acmhainneachta agus fórsa oibre, as a n-eascraíonn an iomarca rannpháirtíochta polaitiúla
- Cuireann cur i bhfeidhm na seirbhísí indibhidiúla ar bhonn teoranta ilghníomhaireachta srian ar athrú an chórais uile agus ar sholáthar fíorsheirbhísí leanbhlárnacha
- Níl beartais bunaithe go himleor ar fhianaise agus dá bhrí sin níl ach ráta rathúlachta teoranta don chur i bhfeidhm acu
- Is féidir le soláthar seirbhíse a bheith as alt agus gan dóthain comhleanúnachais ann mar thoradh ar chomhroinnt theoranta sonraí agus taithí ar fud na seirbhísí
- Ní raibh ach sochair theoranta le baint as beartais agus seirbhísí a cuireadh ar fáil chun tacú le teaghlaigh agus éagothroime a réiteach agus mar thoradh air sin roghnaigh daoine óga gan úsáid a bhaint as na seirbhísí agus/nó dhiúltaigh siad dul i ngleic le saincheisteanna

Chomh luath agus a sainaithníodh na príomhfhadhbanna, scríobhadh 'Ráiteas Faidhbe', inar achoimríodh na saincheisteanna go léir i ráiteas uilechuimsitheach

‘An toradh ar easpa pleanála fadtéarmaí fianaisebhunaithe agus ar acmhainní neamhleora ná seirbhísí atá as alt agus tacaí easnamhacha do leanaí agus teaghlaigh.’

Spreagthóirí an Athraithe

An chéad chéim eile sa tSamhail don Athrú Sóisialta ná sainaitheint na ngnéithe a bhfuil smacht againn orthu ar féidir linn leas a bhaint astu chun dul i ngleic leis na saincheisteanna agus na comharthaí sóirt, agus ar an gcaoi sin na fadhbanna a mhaolú nó deireadh a chur leo. Tugtar ‘spreagthóirí an athraithe’ orthusa. Tá trí cinn de spreagthóirí uilechuimsitheacha ar féidir leas a úsáid astu chun go dtarlódh athrú dearfach sóisialta le haghaidh leanaí agus teaghlach. Seo a leanas na spreagthóirí sin:

**Dearadh
agus pleanáil
seirbhíse**

**Tógáil eolais,
scileanna
agus
inniúlachtaí**

**Athrú
ar chur i
bhfeidhm an
chórais**

Chuidigh na spreagthóirí sin, nó meascán díobh, linn dul i ngleic le gach ceann de na fadhbanna, bacainní agus comharthaí sóirt atá sonraithe thuas.



An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency